Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2024
(OR. en)

10910/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0232(COD)

ENV 609
CLIMA 237
AGRI 478
FORETS 168
RECH 273
TRANS 298
CODEC 1478

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10236/24 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11566/23 + ADD 1 - COM(2023) 416 final + Annexes |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Chuir an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis i láthair ag an Meitheal um an gComhshaol an 27 Iúil (físchomhdháil) agus an 6 Deireadh Fómhair 2023.

2. Is é is aidhm don togra an tAontas a chur ar chonair i dtreo ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Fágann sé go mbeidh sé éigeantach faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach, cuireann sé tús le bainistiú inbhuanaithe ithreach a chur chun feidhme de réir a chéile agus tugann sé aghaidh ar chásanna lena ngabhann rioscaí don tsláinte agus don chomhshaol de dheasca éilliú ithreach, cásanna nach bhfuil glacadh leo beag ná mór. Is cuid de phacáiste reachtach níos mó é maidir le 'Úsáid athléimneach agus inbhuanaithe acmhainní nádúrtha an Aontais Eorpaigh a áirithiú'. Tá an togra i gcomhréir le Straitéis Ithreach an Aontais 2021, ar cuid thábhachtach í den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 chun dul i ngleic leis na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta.

3. I bParlaimint na hEorpa, cuireadh an comhad faoi bhráid an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), coiste a cheap Martin Hojsik (Renew, an tSlóvaic) mar rapóirtéir. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh an 10 Aibreán 2024.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2023. Tá sé beartaithe an tuairim ó Choiste na Réigiún a ghlacadh an 19 Meitheamh 2024.

5. Pléadh an togra ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 18 Meán Fómhair 2023 agus bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Comhshaoil an 18 Nollaig 2023. Ar leibhéal na meithle, ba le linn Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge a pléadh an togra agus tá dul chun cinn maith déanta.

6. An 29 Bealtaine 2024, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an togra ón Uachtaránacht le haghaidh Cur Chuige Ginearálta. Thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cur chuige na hUachtaránachta, cé gur chuir cuid acu in iúl gur cúis imní dóibh saincheisteanna faoi leith, lena n-áirítear rúndacht sonraí i gcomhthéacs sonraí samplála a nochtadh, an spriocdháta do na chéad tomhais ithreach, ceanglais teicniúla áirithe maidir le sampláil allamuigh i limistéir ina bhfuil ardchion carraige agus tionchar na treorach ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus ar mhianadóireacht.

7. Dá bhrí sin, rinne an Uachtaránacht roinnt coigeartuithe ar an téacs comhréitigh le haghaidh Cur Chuige Ginearálta ach níor chuir sí moltaí san áireamh a athródh an chothromaíocht íogair a baineadh amach le linn na caibidlíochta. Ba in Airteagal 8(2a)(Tomhais agus modheolaíochtaí), Airteagal 19(4a) (Faisnéis don phobal) agus Iarscríbhinn II, pointe 2 (Suirbhé samplach allamuigh), go háirithe, a rinneadh na hathruithe.

## II. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

8. Leasaítear, sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, gnéithe éagsúla den togra ón gCoimisiún. Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na dtoscaireachtaí, agus an chothromaíocht cheart a choinneáil idir na solúbthachtaí is gá agus a riachtanaí atá sé cuspóirí agus sláine na Treorach atá beartaithe a chaomhnú. Leagtar amach ina dhiaidh seo príomheilimintí an togra comhréitigh.

a) *Faireachán agus measúnú ar shláinte ithreach (Airteagail 4-9 agus sainmhínithe, iarscríbhinní agus aithrisí gaolmhara) agus bainistiú inbhuanaithe ithreach (Airteagal 10 agus Iarscríbhinn III)*

Chuir an Uachtaránacht roinnt coincheapa nua isteach agus soiléirithe ar an togra ón gCoimisiún chun cothromaíocht a bhaint amach idir aitheantas a thabhairt do na sonraí agus do na córais faireacháin atá ann cheana agus leibhéal áirithe comhchuibhithe a bhaint amach.

An creat faireacháin (Airteagal 6)

Soiléirítear sa téacs ón Uachtaránacht an struchtúr riaracháin is ábhartha don chreat faireacháin ar shláinte ithreach. Tugtar isteach an coincheap 'aonad ithreach' laistigh den 'ceantar ithreach', lena mbaineann saintréithe ithreach atá measartha aonchineálach, bunaithe ar pharaiméadair íosta arna sainiú ag an Aontas, lena n-áirítear na cineálacha ithreach agus úsáid talún, ach tugtar solúbthacht leordhóthanach do na Ballstáit sonraí coibhéiseacha níos mionsonraithe a úsáid, má tá siad ar fáil, agus cuirtear san áireamh paraiméadair bhreise mar shampla aeráid, criosanna comhshaoil nó abhantracha. Soiléirítear na coincheapa 'ceantar ithreach' agus 'údaráis inniúla' chun struchtúr rialachais riachtanach a chur ar fáil lena áirithiú go ndéanfar oibleagáidí na Treorach a chomhlíonadh.

Cuirtear solúbthacht ar fáil sa téacs ón Uachtaránacht maidir leis an leibhéal ar cheart an creat faireacháin a bhunú agus sonraítear ann gur cheart faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach ar leibhéal an aonaid ithreach agus ar shéalú agus scriosadh ithreach ar leibhéal an cheantair. Féadfaidh na Ballstáit an creat faireacháin a chur in oiriúint do na réigiúin is forimeallaí, agus a saintréithe sonracha á gcur san áireamh acu.

Tomhais agus modheolaíochtaí (Airteagal 8)

Tá soiléirithe agus solúbthachtaí breise, sa téacs ón Uachtaránacht, maidir leis na modheolaíochtaí lena ndéantar na pointí samplála agus an suirbhé samplach a chinneadh. Rinneadh athoibriú freisin ar thuairisceoirí ithreach agus ar mhodheolaíochtaí gaolmhara chun gur fearr a léireofaí na cleachtais atá ann cheana agus chun bheith ar aon dul leis na ceanglais eile atá ann cheana, nuair is féidir. Ina theannta sin, soiléirítear sa téacs ón Uachtaránacht freisin eagrú an chomhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir leis na pointí samplála agus, i gcás inarb ábhartha, an tsampláil a dhéanfaidh an Coimisiún, a chinneadh. I measc na solúbthachtaí breise maidir le tomhais ithreach tá an fhéidearthacht sonraí agus líonraí faireacháin atá ann cheana a úsáid, sonraí coibhéiseacha a athúsáid agus/nó maolú ó thimthriall faireacháin le haghaidh tuairisceoirí ithreach a athraíonn thar thréimhse ama níos faide. Chun ionadaíochas agus inchomparáideacht na dtomhas ithreach a áirithiú, molann an Uachtaránacht freisin go n-áireofaí íoscheanglais maidir le rialú cáilíochta saotharlann ina ndéantar anailís ar shamplaí ithreach.

An measúnú ar shláinte ithreach (Airteagail 7 agus 9)

Chun aghaidh a thabhairt ar iarrataí na mBallstát ar bhreis solúbthachta agus ar a riachtanaí atá sé bheith in oiriúint do chúinsí áitiúla, molann an Uachtaránacht córas luacha dhúbailte a chur in ionad an phrionsabail 'ceann amháin amach, iad go léir amach': (i) spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha lena ndéanfar cuspóirí fadtéarmacha an togra a léiriú agus (ii) truicearluachanna oibríochtúla, arna socrú ar leibhéal na mBallstát le haghaidh gach tuairisceora ithreach, chun gur féidir tosaíocht a thabhairt do bhearta a as a n-eascróidh riocht sláintiúil ithreach agus na bearta sin a chur chun feidhme de réir a chéile. Áiríodh solúbthachtaí breise, mar shampla é a fhágáil faoi na Ballstáit na coinníollacha a shainiú lena measfar an ithir a bheith sláintiúil, an deis na spriocluachanna a oiriúnú don chineál ithreach, do dhálaí áitiúla ithreach agus do dhálaí áitiúla aeráide agus ithreacha áirithe lena mbaineann saintréithe nádúrtha sonracha a eisiamh ón gcritéar ábhartha a chomhlíonadh.

Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhí ag toscaireachtaí éagsúla, molann an Uachtaránacht an tuairisceoir maidir le creimeadh ithreach a aistriú ó Chuid A d'Iarscríbhinn I (tuairisceoirí ithreach lena ngabhann critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal an Aontais) go Cuid B d'Iarscríbhinn I (tuairisceoirí ithreach lena ngabhann critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal na mBallstát), rud a thabharfadh solúbthacht do na Ballstáit an t-uasluach inbhuanaithe a shainiú don tuairisceoir sin.

Ní áirítear a thuilleadh sa téacs ón Uachtaránacht an fhoráil maidir le deimhniú deonach ar shláinte ithreach ós rud é nár thacaigh na toscaireachtaí léi.

<u>Bainistiú inbhuanaithe ithreach (Airteagal 10)</u>

Soiléirítear sa téacs ón Uachtaránacht cineál treorach na bprionsabal maidir le bainistiú inbhuanaithe ithreach a liostaítear in Iarscríbhinn III lenar ceadmhach do na Ballstáit a liosta féin de chleachtais dhearfacha agus dhiúltacha a shainiú agus na cláir, na pleananna, na spriocanna agus na bearta atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn IV á gcur san áireamh.

b) *Tógáil talún / séalú ithreach agus scriosadh ithreach (Airteagail 6, 7, 8, 9, 11 agus sainmhínithe, iarscríbhinní agus aithrisí gaolmhara)*

Chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar casta sin, molann an Uachtaránacht cur chuige céimnithe lena rachfar i ngleic, mar chéad chéim, leis an ngné is feiceálaí, is mó tionchar agus is éasca a fhaire den tógáil talún, ag díriú ar shéalú ithreach agus ar scriosadh ithreach, agus cuspóir mianaidhme fadtéarmach a choinneáil, ag an am céanna, maidir le tógáil talún i Straitéis Ithreach 2030 chun rannchuidiú leis an Glantógáil Nialasach Talún faoi 2050. Tá an creat atá beartaithe bunaithe ar thrí phríomhghné: (i) faireachán a dhéanamh ar na táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach trí chianbhraiteacht ar leibhéal ceantair, agus táirgí Copernicus mar bhonn coiteann íosta, arna bhforlíonadh le fardail náisiúnta i gcás inarb ábhartha (Airteagal 6(5), Iarscríbhinn II, Cuid C); (ii) ionchur don mheasúnú ar shláinte ithreach tríd an tionchar ar chailliúint éicisheirbhísí a shainaithint agus a mhéid a chuideofaí le sláinte ithreach a fheabhsú trí bhíthin an díshéalaithe agus an athnádúraithe (Airteagal 9(4)); (iii) prionsabail maolúcháin iarrachtbhunaithe chun an tionchar a bhíonn ag séalú agus scriosadh ithreach ar chumas na hithreach éicisheirbhísí a sholáthar a mhaolú agus a fhrithcháireamh (Airteagal 11, aithrisí 30d, 30e).

Ós rud é gur iarr go leor toscaireachtaí Airteagal 11 agus na haithrisí gaolmhara, 30d agus 30e, a mhionchoigeartú a thuilleadh, molann an Uachtaránacht comhréiteach lena n-áirítear tagairt do 'phrionsabail mhaolúcháin na tógála talún' i gceannteideal Airteagal 11 agus soiléiríonn sí gur bunaithe ar iarracht atá an fhoráil sin agus nach bhfuil feidhm aici ach amháin maidir le cásanna nua de shéalú ithreach agus scriosadh ithreach, mar chuid de thógáil talún, agus nach bhfuil feidhm aici maidir le hithreacha atá séalaithe nó scriosta cheana féin. Cuirtear in iúl go soiléir freisin nach sáródh na prionsabail sin cinntí na mBallstát maidir le pleanáil spáis, ach gur amhlaidh go mbeidh d'aidhm acu dea-chleachtais a bhunú chun tionchar na gcinntí sin a mhaolú, rud a bheidh le breithniú ag na Ballstáit ina bpleanáil úsáide talún. Thairis sin, ní chumhdaítear cur i bhfeidhm na bprionsabal maolúcháin leis an oibleagáid tuairiscithe. Tugtar soiléiriú breise in aithris 30d a mhéid a bhaineann le cáiliú ithreacha le tógálacha fuinnimh in-athnuaite.

c) *Láithreáin éillithe a bhainistiú (Airteagail 12-16 agus sainmhínithe, iarscríbhinní agus aithrisí gaolmhara)*

Thug an Uachtaránacht breis solúbthachta isteach maidir leis an tsaincheist sin freisin. Moltar cur chuige rioscabhunaithe céim ar chéim chun láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus a imscrúdú agus chun measúnú riosca a dhéanamh ar láithreáin éillithe agus iad a bhainistiú, ionas go mbeidh na Ballstáit in ann tosaíocht a thabhairt do bhearta, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, an comhthéacs socheacnamaíoch agus an úsáid talún atá ann faoi láthair agus atá beartaithe á gcur san áireamh. Chun cuidiú leis na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus chun tosaíocht a thabhairt do bhearta, ceanglaítear ar na Ballstáit liosta a dhéanamh de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith éillitheach. Cuireadh isteach freisin sainmhíniú ar láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus soiléiriú go bhféadfadh leis an éilliú tarlú ar leibhéal níos doimhne ná an ithir freisin, i.e. sa bhuncharraig nó sa mháthairábhar. Déantar an rannpháirtíocht phoiblí a bheachtú agus a theorannú do na chéad chéimeanna den phróiseas, i.e. bunú agus cur i bhfeidhm an chur chuige rioscabhunaithe agus céim ar chéim, sainaithint agus imscrúdú láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe.

Chomh maith leis sin, cuireann an téacs de cheangal ar na Ballstáit ordlathas freagrachta a bhunú lena saineofar na páirtithe atá freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus as measúnú riosca agus bainistiú a dhéanamh ar láithreáin éillithe a bhfuil sé deacair údar an truaillithe a shainaithint ina leith. Fágtar faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh faoi chineálacha éagsúla cur chuige a chur i bhfeidhm maidir le láithreáin a bhí éillithe go stairiúil agus láithreáin nua-éillithe. Soiléirítear sa téacs ón Uachtaránacht freisin gur féidir na cistí ón Aontas a úsáid i gcás nach féidir aon pháirtí cuntasach a shainaithint ná a thabhairt chun cuntais. Sonraítear ann freisin gur cheart aitheantas a thabhairt do na bearta a rinneadh roimhe seo agus do na scéimeanna bainistíochta atá ann cheana a bhaineann le láithreáin éillithe (imscrúduithe, measúnuithe riosca, bearta laghdaithe riosca agus cláir) má chomhlíonann siad ceanglais an Dlí maidir le Faireachán Ithreach.

Thairis sin, molann an Uachtaránacht cur chuige níos solúbtha maidir le measúnú agus bainistiú láithreán éillithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán. Go háirithe, is ar bhonn deonach a dhéantar na céimeanna agus na prionsabail le haghaidh na modheolaíochta don mheasúnú láithreánsonrach agus soiléirítear gur cheart an measúnú láithreánsonrach a bheith comhréireach le castacht an láithreáin agus go bhféadfadh sé nach mbeadh gá leis más féidir teacht ar an gconclúid, ar bhonn an imscrúdaithe tosaigh, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil aon riosca do-ghlactha do shláinte an duine nó don chomhshaol ag baint leis an éilliú ithreach nó más gá bearta feabhsúcháin. Coinnítear cur chuige an Choimisiúin maidir leis na bearta laghdaithe riosca sa téacs, i.e. an oibleagáid atá ar na Ballstáit a shainiú cad atá i gceist le riosca do-ghlactha ó láithreán éillithe do shláinte an duine agus don chomhshaol agus a áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí, agus samplaí de na bearta sin in Iarscríbhinn V, a chur chun feidhme chun na rioscaí a thabhairt go leibhéal inghlactha laistigh d'amscála iomchuí.

*d)* *Tuairisciú agus faisnéis don phobal (Airteagail 6, 16, 18 agus 19 agus iarscríbhinní agus aithrisí gaolmhara)*

Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na dtoscaireachtaí maidir le rúndacht agus cosaint sonraí íogaire, sonraítear sa téacs ón Uachtaránacht gur cheart an fhaisnéis a thugtar don phobal maidir le torthaí an fhaireacháin agus na measúnuithe ithreach a thabhairt i bhfoirm sonraí comhiomlánaithe. Cuireadh isteach freisin tagairt don Rialachán maidir le staidreamh Eorpach, agus maidir le húinéireacht sonraí a chosaint (Airteagail 18(2), 19(4a) agus aithris 36) chun saincheist na rúndachta sonraí a shoiléiriú tuilleadh. Soiléirítear freisin nach rochtain bhuan ach tarchur agus malartú éifeachtach na faisnéise agus na sonraí tuairiscithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus LEE is ceart a áirithiú. Ina theannta sin, tá nochtadh sonraí agus faisnéise áirithe agus an tuairisciú a dhéantar orthu faoi réir maolú ar fhorais na slándála poiblí nó na cosanta náisiúnta (Airteagail 6(7a), 16a, 18(2a), aithris 25a).

*e) Saincheisteanna eile:*

- Sainmhínithe (Airteagal 3): Scriosadh roinnt sainmhínithe ar théarmaí nár úsáideadh sa téacs athbhreithnithe (talamh bhreacnádúrtha, talamh shaorga, sonraí atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de), agus cuireadh isteach sainmhínithe ar théarmaí nua (aonad ithreach, láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe, bearta laghdaithe riosca, sainmhínithe a bhaineann le séalú ithreach agus scriosadh ithreach, limistéar lonnaíochta, ithreacha orgánacha agus mianraí). Tugadh isteach freisin soiléirithe agus coigeartuithe i gcomhréir leis na hathruithe a rinneadh ar chodanna eile den téacs;
- Maoiniú ón Aontas (Airteagal 17, aithris 11): Molann an Uachtaránacht mar chomhréiteach tagairt neodrach do chláir airgeadais an Aontais i gcomhréir lena rialacha agus lena gcoinníollacha is infheidhme;
- Rochtain ar cheartas (Airteagal 22, aithrisí 49 agus 49a): Rinneadh an téacs a ailíniú le forálacha comhchosúla sa reachtaíocht a chomhaontaigh na comhreachtóirí cheana féin;
- Pionóis (Airteagal 23): Arna iarraidh sin do roinnt mhaith toscaireachtaí, scriosadh an fhoráil;
- Tacaíocht ón gCoimisiún (Airteagal 23a, aithrisí 52a agus 52b) agus amlínte: D'fhonn cur chun feidhme na treorach a éascú, foráiltear sa téacs ón Uachtaránacht do thacaíocht agus cúnamh ón gCoimisiún i bhfoirm doiciméad neamhcheangailteach agus uirlisí eolaíocha chomh maith le malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtas maidir le roinnt saincheisteanna a chumhdaítear leis an Treoir. Cuirtear síneadh beag freisin leis na sprioc-amanna le haghaidh tomhais ithreach agus measúnuithe ar shláinte ithreach, chun na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus a chlárú.

## III. CONCLÚID

9. Leagtar amach sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht cothromaíocht íogair ar thacaigh formhór na dtoscaireachtaí léi. Tá an téacs sin le fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Cuirtear aon athruithe i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, in iúl le **cló trom** agus cuirtear aon ní a scriosadh in iúl le […]. Léirítear na hathruithe is déanaí, tar éis an chruinnithe a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 29 Bealtaine, **le cló trom a bhfuil líne faoi** agus léirítear téacs a scriosadh le […].

10. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é. Is é a bheidh sa chur chuige ginearálta sainordú na Comhairle don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa amach anseo i gcomhthéacs an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh.

**Togra le haghaidh**

**Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is **acmhainn** ríthábhachtach theoranta í an ithir, **a mheastar a bheith** neamh-inathnuaite **agus** nach féidir a athsholáthar **ar scála ama an duine**, acmhainn [...] atá ríthábhachtach don gheilleagar, don chomhshaol agus don tsochaí.

(2) Bíonn riocht maith ceimiceach, bitheolaíoch agus fisiceach ar ithreacha sláintiúla ionas gur féidir leo éicisheirbhísí atá ríthábhachtach don duine agus don chomhshaol a sholáthar, amhail bia sábháilte, cothaitheach agus leordhóthanach, bithmhais, uisce glan, timthriall cothaitheach, stóráil carbóin agus gnáthóg le haghaidh na bithéagsúlachta. Mar sin féin, is amhlaidh atá [...] **díghrádú** ar idir 60 agus 70 % d’ithreacha an Aontais agus tá siad ag dul in olcas i gcónaí.

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .

**(2b) Fónann ithreacha freisin do sheirbhísí, cuir i gcás gníomhú mar ardán fisiceach do bhonneagair agus do ghníomhaíochtaí daonna, mar fhoinse amhábhar, nó mar chartlann d'oidhreacht gheolaíoch, gheomoirfeolaíoch agus seandálaíochta. Cé gur minic a mheastar gur seirbhísí éiceachórais ithreach iad na seirbhísí sin, ní gá go gcuirfí éiceachóras feidhmiúil ar fáil dóibh go léir agus is minic a bhíonn siad ar neamhréir leis na seirbhísí éiceachórais ithreach eile – go háirithe i gcás ardáin le haghaidh bonneagair agus foinse amhábhar – toisc go mbíonn díghrádú na hithreach i gceist leo sin iontu féin. Is minic gurb iad na húsáidí is forleithne a bhaintear as ithir iad freisin, rud a fhágann go gcailltear go leor de na seirbhísí éiceachórais ríthábhachtacha réamhluaite, agus go gcuirtear le díghrádú na n-ithreacha. Dá réir sin, tá sé tábhachtach cothromaíocht a aimsiú idir an dá chineál seirbhísí éiceachórais ithreach sin.**

**(2c) Déanann díghrádú ithreach difear do sheirbhísí éiceachórais arna soláthar ag ithreacha, agus bíonn tionchair dhiúltacha aige sin ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, agus féadfaidh go mbeidh gnéithe éagsúla i gceist leis a bhaineann le díghrádú fisiceach mar shampla séalú ithreach agus saorgú ithreach i gcoitinne, creimeadh ithreach, balcadh ithreach agus laghdú ar choinneáil agus ar insíothlú uisce ithreach, le díghrádú ceimiceach nó bitheolaíoch mar shampla farasbarr agus ídiú cothaitheach, aigéadú, salannú agus éilliú ithreach, cailliúint carbóin orgánaigh san ithir, cailliúint bithéagsúlacht ithreach agus cailliúint gníomhaíocht bhitheolaíoch san ithir.**

(3) Bíonn na billiúin euro le híoc ag an Aontas gach bliain de thoradh an díghrádaithe ithreach. Tá tionchar á imirt ag sláinte ithreach ar sholáthar na n-éicisheirbhísí ag a mbíonn toradh eacnamaíoch tábhachtach. Dá bhrí sin, tá ciall fhónta eacnamaíoch le bainistiú inbhuanaithe agus athghiniúint ithreacha agus féadann siad praghas agus luach na talún san Aontas a mhéadú go mór.

(4) Leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[3] treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, a bhfuil sé d'aidhm aige caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint. Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, ghlac an Coimisiún Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[4], an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc'[5], an Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[6], Straitéis an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide[7] agus Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[8].

(5) Tá an tAontas tiomanta do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)[9]. Rannchuidíonn ithreacha sláintiúla go díreach le baint amach SDGanna éagsúla, go háirithe SDG 2 (díothú an ocrais), SDG 3 (sláinte mhaith agus dea-bhail), SDG 6 (uisce glan agus sláintíocht), SDG 11 (cathracha agus pobail inbhuanaithe), SDG 12 (patrún freagrach tomhaltais agus táirgeachta), SDG 13 (gníomhaíocht ar son na haeráide) agus SDG 15 (beathra ar talamh). Tá sé d'aidhm ag SDG 15.3 an gaineamhlú a chomhrac, talamh agus ithir dhíghrádaithe a athchóiriú, lena n-áirítear talamh atá buailte ag an ngaineamhlú, an triomach agus tuilte, agus gach iarracht a dhéanamh domhan neodrach ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030.

---

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [an Comhaontú Glas don Eoraip] COM(2019) 640 final.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030, Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách: plean gníomhaíochta an Aontais um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú] COM(2021) 400 final.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe-the new EU Stratam on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021)82 final.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Soil Strategy for 2030 Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate* [Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An leas a bhainfidh daoine, bia, an dúlra agus an aeráid as ithreacha sláintiúla] COM(2021) 699 final.

9 https://sdgs.un.org/goals

(6) An tAontas agus na Ballstáit, mar pháirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, arna fhormheas le Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle[10], chomhaontaigh siad ag an 15ú Comhdháil de na Páirtithe ar 'Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal'[11] a gcuimsítear ann roinnt spriocanna domhanda atá dírithe ar ghníomhaíochtaí le haghaidh 2030 atá ábhartha maidir le sláinte ithreach. An méid a rannchuidíonn an dúlra le daoine, lena n-áirítear sláinte ithreach, ba cheart é sin a athchóiriú, a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

(7) An tAontas agus na Ballstáit, mar Pháirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, arna fhormheas le Cinneadh 98/216/CE ón gComhairle[12], thug siad gealltanas an gaineamhlú a chomhrac agus éifeachtaí an triomaigh a mhaolú sna tíortha atá thíos leo. Tá sé dearbhaithe ag 13 Bhallstát[13] gur páirtithe iad atá thíos leis an ngaineamhlú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac.

(8) I gcomhthéacs Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), meastar gur foinse charbóin agus linn charbóin iad an talamh agus an ithir go comhuaineach. An tAontas agus na Ballstáit mar pháirtithe, thug siad gealltanas bainistiú inbhuanaithe, caomhnú agus feabhsú linnte carbóin agus taiscumar carbóin a chur chun cinn.

(9) Luaitear i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 go bhfuil sé fíor-riachtanach dlús a chur le hiarrachtaí torthúlacht ithreach a chosaint, creimeadh ithreach a laghdú agus ábhar orgánach san ithir a mhéadú trí chleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach a ghlacadh. Luaitear inti freisin go bhfuil gá le dul chun cinn mór i dtaobh láithreáin ina bhfuil ithir éillithe a shainaithint, ithreacha díghrádaithe a athchóiriú, na coinníollacha le haghaidh stádas maith éiceolaíoch ithreacha a shainiú, cuspóirí athchóirithe a thabhairt isteach agus feabhas a chur ar an bhfaireachán ar shláinte ithreach.

---

**10** Cinneadh ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (93/626/CEE) (IO L 309, 13.12.1993, lch. 1).

**11** Cinneadh a ghlac Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 19 Nollaig 2022, 15/4. Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal.

**12** Cinneadh ón gComhairle an 9 Márta 1998 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac sna tíortha ina bhfuil triomach mór agus/nó gaineamhlú, go háirithe san Afraic (IO L 83, 19.3.1998, lch. 1).

**13** An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn.

(10) Le Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, leagtar síos an fhís fhadtéarmach go mbeidh éiceachórais ithreach uile an Aontais i riocht sláintiúil faoi 2050 agus go mbeidh siad níos athléimní dá réir. Mar phríomhréiteach, rannchuidíonn ithreacha sláintiúla le haghaidh a thabhairt ar spriocanna an Aontais mar atá aeráidneodracht a bhaint amach agus a bheith níos athléimní in aghaidh an athraithe aeráide, geilleagar nó bithgheilleagar glan agus ciorclach a fhorbairt, an chailliúint bithéagsúlachta a aisiompú, sláinte an duine a chosaint, an gaineamhlú a stopadh agus an díghrádú talún a aisiompú.

(11) Tá cistiú ríthábhachtach chun gur féidir aistriú chuig ithreacha sláintiúla. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, cuirtear i láthair roinnt deiseanna cistiúcháin atá le fáil chun ithreacha a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athghiniúint. Tá ‘Comhaontú Ithreach don Eoraip’ ar cheann de na cúig mhisean de chuid an Aontais atá sa chlár Fís Eorpach agus tá sé tiomnaithe go sonrach do shláinte ithreach a chur chun cinn. Is príomhionstraim atá i Misean Ithreach **an Aontais** chun an Treoir seo a chur chun feidhme. Tá sé d’aidhm aige an t-aistriú chuig ithreacha sláintiúla a threorú trí chlár uaillmhianach taighde agus nuálaíochta a chistiú, líonra de 100 saotharlann bheo agus teach solais a bhunú i limistéir thuaithe agus uirbeacha, forbairt creata chomhchuibhithe um fhaireachán ithreach a chur chun cinn agus feasacht a mhéadú ar thábhacht na hithreach. I measc chláir eile an Aontais lena gcuirtear i láthair cuspóirí a rannchuidíonn le hithreacha sláintiúla, tá an Comhbheartas Talmhaíochta, cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide, clár oibre Fhís Eorpach, an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus InvestEU.

(12) Le Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh, fógraíodh go ndéanfadh an Coimisiún togra reachtach maidir le sláinte ithreach a thabhairt i láthair chun cuspóirí na Straitéise Ithreach a chumasú agus chun dea-shláinte ithreach a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2050. Sa rún uaithi an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach[14], chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an ithir a chosaint agus ithreacha sláintiúla a chur chun cinn san Aontas, agus é á chur san áireamh gur ann don díghrádú i gcónaí, d'ainneoin na gníomhaíochta teoranta agus éagothroime atá á déanamh i roinnt Ballstát. D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún comhchreat dlíthiúil uile-Aontais a dhearadh, agus lánurraim á tabhair do phrionsabal na coimhdeachta, maidir le hithir a chosaint agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus aghaidh á tabhairt ar gach mórbhagairt ithreach.

(13) Sna conclúidí uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2020[15], thacaigh an Chomhairle leis an gCoimisiún agus dlús á chur le hiarrachtaí ithreacha agus bithéagsúlacht ithreach a chosaint ar bhealach níos fearr, mar acmhainn neamh-inathnuaite ríthábhachtach.

(14) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] leagtar amach cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas faoi 2050, agus astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin, agus tús áite a thabhairt do laghduithe tapa intuartha ar astaíochtaí agus, an tráth céanna, feabhas a chur ar aistrithe trí linnte nádúrtha. De thoradh bainistiú ithreach inbhuanaithe, is amhlaidh is mó an ceapadh carbóin san ithir agus i bhformhór na gcásanna, bíonn comhthairbhí i gceist d'éiceachórais agus don bhithéagsúlacht. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe[17], cuireadh i dtábhacht, maidir leis na gníomhaíochtaí nach bhfuil amhras ach go n-aistríonn siad carbón as an atmaisféar, an gá atá leis na gníomhaíochtaí sin a shainaithint go soiléir agus go trédhearcach, amhail creat de chuid an Aontais a fhorbairt chun aistrithe carbóin ó éiceachórais nádúrtha, lena n-áirítear ithreacha, a dheimhniú. Thairis sin, leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht, ní hamháin go gcuirtear an carbón ithreach chun tosaigh chun spriocanna a bhaint amach ar an mbealach chuig Eoraip aeráidneodrach, ach iarrtar ar na Ballstáit córas a ullmhú freisin chun faireachán a dhéanamh ar stoic carbóin na hithreach, agus úsáid á baint, inter alia, as tacar sonraí an tSuirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (LUCAS).

---

**14** Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach (2021/2548(RSP)).

**15** Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht - an gá atá le gníomhaíocht phráinneach, 12210/20.

**16** Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

**17** Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe COM (2021) 800.

(15) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoiriúnú don athrú aeráide[18], cuireadh i dtábhacht go méadófar an soláthar uisce ghlain agus fionnuisce, go laghdófar tionchair na tuile agus go maolófar tionchar an triomaigh ach úsáid a bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe istigh faoin tír, lena n-áirítear feidhm na hithreach mar spúinse a athchóiriú. Tá sé tábhachtach acmhainneacht na n-ithreacha a uasmhéadú chun uisce a choinneáil agus a íonú agus truailliú a laghdú.

(16) Leis an bPlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú a ghlac an Coimisiún, leagtar amach an fhís le haghaidh 2050 go laghdófar an truailliú aeir, uisce agus ithreach go leibhéil nach measfar a bheith díobhálach don tsláinte ná d'éiceachórais nádúrtha a thuilleadh, agus lena bhfanfar i mbun na measarthachta lena bhfuil ár bpláinéad in ann a bheith ag teacht, lena gcruthófar, dá bhrí sin, comhshaol a bheidh saor ó thocsainí.

(17) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú[19], cuireadh i dtábhacht go bhfuil an inbhuanaitheacht bia bunúsach don tslándáil bia. Is amhlaidh a bhíonn córas bia an Aontais níos athléimní a bhuí le hithreacha sláintiúla ó tharla go gcuireann siad an bonn faoi bhia cothaitheach agus leordhóthanach.

(18) Is gá bearta a leagan síos chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach, ithreacha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus dul i ngleic le láithreáin éillithe chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, chun iad a choinneáil i riocht sláintiúil agus chun cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid agus an bhithéagsúlacht a chomhlíonadh, chun triomaigh agus tubaistí nádúrtha a chosc agus chun freagairt dóibh, chun sláinte an duine a chosaint agus chun an tslándáil bia agus an tsábháilteacht bia a áirithiú.

---

**18** Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide COM (2021)82 final.

**19** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú, COM/2022/133 final.

(19) Is in ithreacha a bhíonn níos mó ná 25 % den bhithéagsúlacht uile agus is iad an dara taiscumar carbóin is mó ar domhan iad. De bharr a n-acmhainneachta carbón a ghabháil agus a stóráil, rannchuidíonn ithreacha sláintiúla le baint amach chuspóirí an Aontais maidir leis an athrú aeráide. Soláthraíonn ithreacha sláintiúla gnáthóg fhabhrach d'orgánaigh a bheith ag fás freisin agus tá siad ríthábhachtach chun an bhithéagsúlacht agus cobhsaíocht na n-éiceachóras a fheabhsú. Tá dlúthcheangal idir an bhithéagsúlacht thíos faoin talamh agus os a chionn, agus idirghníomhaíonn sí trí chaidrimh frithpháirteacha (e.g. fungais mhíciríosa a nascann fréamhacha plandaí).

**(19a) Tá ábhar orgánach ithreach ríthábhachtach chun seirbhísí agus feidhmeanna éiceachórais ithreach a sholáthar, trí dhíghrádú ithreach a laghdú, mar shampla creimeadh agus balcadh ithreach, agus maolánú, coinneáil agus insíothlú uisce á méadú ag an am céanna, chomh maith le méadú ar acmhainneacht malartaithe caitian na hithreach. Ní hamháin gur féidir le hábhar orgánach ithreach, a thomhaistear go ginearálta trí charbón orgánach ithreach, feabhas a chur ar chobhsaíocht struchtúrach na n-ithreacha, arna léiriú lena gcóimheas idir carbón orgánach agus cré san ithir, ach is féidir leis freisin bithmhais a fhorbairt, lena n-áirítear méadú ar tháirgeacht barr. Ina theannta sin, bíonn tionchar dearfach ag ábhar orgánach ithreach ar bhithéagsúlacht ithreach agus is féidir leis an méid carbóin a cheaptar in ithreacha agus, dá bhrí sin, i stoic charbóin orgánacha na hithreach, a mhéadú, rud a chuidíonn le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú sin.**

(20) Is iad tuilte, falscaithe agus teagmhais adhaimsire na rioscaí tubaiste nádúrtha is mó a bhfuil imní fúthu ar fud na hEorpa. Tá méadú ag teacht ar an imní faoi thriomaigh agus ganntanas uisce go tapa ar fud an Aontais. In 2020, mheas 24 Bhallstát go raibh triomaigh agus ganntanas uisce ina bpríomhrioscaí tubaiste atá ag teacht chun cinn nó atá bainteach leis an aeráid, i gcomparáid le 11 Bhallstát in 2015. Tá ithreacha sláintiúla ríthábhachtach don athléimneacht in aghaidh an triomaigh agus in aghaidh tubaistí nádúrtha. Le cleachtais a fheabhsaíonn coinneáil uisce agus infhaighteacht cothaitheach in ithreacha, struchtúr ithreach, bithéagsúlacht ithreach agus ceapadh carbóin, méadaítear athléimneacht na n-éiceachóras, na bplandaí agus na mbarr chun an triomach, tubaistí nádúrtha, tonnta teasa agus teagmhais adhaimsire a sheasamh agus téarnamh a dhéanamh ina ndiaidh, ar teagmhais iad a tharlóidh ar bhonn níos minice amach anseo de bharr an athraithe aeráide. Ina dhiaidh sin, gan bainistiú iomchuí ithreach, bíonn triomach agus tubaistí nádúrtha ina gcúis le díghrádú ithreach agus is ithreacha míshláintiúla a bhíonn ann dá dheasca. Trí fheabhas a chur ar shláinte na hithreach, cuidítear chun na caillteanais eacnamaíocha agus na básanna a bhaineann le teagmhais adhaimsire de thoradh na haeráide a mhaolú, agus ba é thart ar EUR 560 billiún agus breis agus 182 000 taismeach a bhí i gceist leis sin san Aontas idir 1980 agus 2021.

(21) Rannchuidíonn sláinte ithreach go díreach le sláinte agus folláine an duine. Soláthraíonn ithreacha sláintiúla bia sábháilte agus cothaitheach, agus bíonn an acmhainneacht acu éilleáin a scagadh, rud a chaomhnaíonn cáilíocht an uisce óil. Is féidir go ndéanfadh éilliú ithreach díobháil do shláinte an duine trí ionghabháil, ionanálú nó teagmháil dheirmeach. Is chun tairbhe don duine é teagmháil a bheith aige le pobal miocróbach na hithreach sláintiúla tairbheach chun an córas imdhíonachta agus frithsheasmhacht in aghaidh galair agus ailléirgí áirithe a fhorbairt. Tacaíonn ithreacha sláintiúla le fás crann, bláthanna agus féar, agus cruthaíonn siad bonneagar glas a thairgeann luach aeistéitiúil, folláine agus cáilíocht saoil.

(22) Bíonn tionchar ag an díghrádú ithreach ar thorthúlacht, táirgeacht, frithsheasmhacht in aghaidh lotnaidí agus cáilíocht chothaitheach bia. Ós rud é go dtáirgtear 95 % dár mbia go díreach nó go hindíreach ar ithreacha agus go bhfuil an daonra domhanda ag dul i méid i gcónaí, tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh an acmhainn nádúrtha theoranta sin sláintiúil chun an tslándáil bia a áirithiú san fhadtéarma agus chun táirgiúlacht agus brabúsacht thalmhaíocht an Aontais a áirithiú. Le cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach, déantar sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a fheabhsú agus rannchuidítear le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht an chórais bia.

(23) Is é is cuspóir **mianaidhme** fadtéarmach don Treoir ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Mar chéim idirmheánach, i bhfianaise an eolais theoranta atá ann maidir le riocht ithreacha agus maidir le héifeachtacht agus costais na mbeart chun sláinte ithreach a athghiniúint, is cur chuige céimnithe a ghlactar sa **T**reoir. Sa chéad chéim, díreofar ar chreat faireacháin ithreach a chur a bhunú agus measúnú a dhéanamh ar staid na n-ithreacha ar fud an Aontais. Áirítear inti freisin ceanglais maidir le bearta a leagan síos chun ithreacha a bhainistiú go hinbhuanaithe, [...] ithreacha míshláintiúla a athghiniúint, **[...]** a luaithe a shuitear a riocht, **chomh maith le measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le láithreáin éillithe. Mar sin féin, ní fhorchuirtear leis** [...] oibleagáid maidir le hithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 **ná** [...] maidir le spriocanna idirmheánacha bhaint amach. Leis an gcur chuige comhréireach sin, beifear in ann bainistiú inbhuanaithe ithreach agus athghiniúint na n-ithreacha míshláintiúla a ullmhú go maith, a dhreasú agus a chur i mbun oibre. Sa dara céim, a luaithe a bheidh torthaí an chéad mheasúnaithe ar ithreacha agus an anailís ar threochtaí le fáil, déanfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo chuspóir 2050 agus an taithí ina leith sin a bhreithniú, agus molfaidh sé athbhreithniú ar an **T**reoir más gá chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo 2050.

(24) Chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna a chuirtear ar ithreacha agus na bearta iomchuí a shainaithint chun sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a athghiniúint, éilítear go gcuirfí san áireamh éagsúlacht na gcineálacha ithreach, na dálaí sonracha áitiúla agus aeráide agus an úsáid talún nó an cumhdach talún. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbunóidh na Ballstáit aonaid [...] **ithreach lena léireofar leibhéal áirithe aonchineálachta maidir leis na saintréithe sin, chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach ar fud a gcríche uile. Ba cheart aonaid ithreach, áfach, a bhainistiú [...] faoi struchtúir [...] iomchuí** rialachais **[...] lena gcuirfear ar chumas na mBallstát** a **áirithiú go ndéanfar an faireachán agus an measúnú i gceart, agus go ndéanfar** ithreacha a bhainistiú **ar bhealach inbhuanaithe** agus [...] **go ndéanfar** bearta chun na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh. **Léiríonn ceantair ithreach na críocha riaracháin atá faoi fhreagracht na struchtúr rialachais sin agus cumhdaíonn siad aonad ithreach iomlán amháin nó níos mó [...]**[20].

20 […]

**(24a) Chun an suirbhé samplach a dhearadh le haghaidh an fhaireacháin ithreach, beidh ar na Ballstáit a gceantair ithreach agus a n-  aonaid ithreach a chur san áireamh. Chun leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe a áirithiú idir na Ballstáit, ba cheart na híoschritéir chun aonaid ithreach a shainiú a shainiú ar an leibhéal Eorpach. I ndáil leis sin, is dhá íoschritéar iad cineál ithreach agus úsáid talún agus ba cheart iad a úsáid mar bhunsonraí comhchuibhithe. Maidir leis an gcineál ithreach, tugann léarscáil réigiúin ithreach an Aontais Eorpaigh agus a Thíortha Comharsanachta[21] léargas ar riocht an chreata le haghaidh forbairt ithreach ar leibhéal an tírdhreacha. Cuireann an léarscáil seo le cineálacha ithreach mar a shainmhínítear sa Bhonn Tagartha Domhanda le haghaidh Acmhainní Ithreach[22], chomh maith le bunsonraí atá go hiomlán inchomparáide agus comhchuibhithe ar an leibhéal ilchríochach, i.e. aeráid, topagrafaíocht, rilíf, geolaíocht agus fásra. A mhéid a bhaineann le húsáid talún, feidhmíonn na catagóirí mar a shainmhínítear iad i Rialachán (AE) 2018/841[23] agus i dTreoirlínte IPPC mar bhonn comhchuibhithe don tuairisciú ar úsáid talún. Dá bhrí sin, chun na haonaid ithreach a mharcáil, ba cheart do na Ballstáit na ceantair ithreach ar a laghad, chomh maith leis na cineálacha ithreach agus na catagóirí úsáide talún thuasluaite a chur san áireamh. Mar gheall ar inathraitheacht spásúil sna hairíonna ithreach agus san úsáid a bhaintear as an talamh, d'fhéadfadh limistéir neamhchomharsanacha a bheith in aonad ithreach. Ina theannta sin, féadfar dálaí aeráide agus comhshaoil a chur san áireamh. D'fhéadfaí faisnéis níos mionsonraithe nó níos chun dáta a úsáid ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta nó fonáisiúnta nuair a bheadh sí ar fáil.**

---

21 **'Réigiúin Ithreach an Aontais Eorpaigh agus a Thíortha Comharsanachta 1:5,000,000', 2005, arna rochtain an 2024-03-07, http://data.europa.eu/88u/dataset/ae71ffee-1ae9-4624-ae3f-f49513fe9dcb**

22 **https://www.fao.org/soils-portal/data-hub/soil-classification/world-reference-base/en/**

23 **Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinneamh 2030, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).**

(25) Chun rialachas iomchuí maidir le hithreacha a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údarás inniúil [...] **amháin nó níos mó** a cheapadh le haghaidh gach ceantair ithreach. Ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit aon údarás inniúil breise a cheapadh ar **an** leibhéal iomchuí, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta nó [...] **fonáisiúnta**.

**(25a) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an t-údarás inniúil oiriúnach a ainmniú chun dul i mbun na ndualgas a leagtar síos sa Treoir seo i láithreáin mhíleata. Ina theannta sin, níor cheart aon sonraí ná aon fhaisnéis a bhaineann leis na láithreáin mhíleata a nochtadh, ós rud é go bhféadfaí dochar a dhéanamh don tslándáil phoiblí nó don chosaint náisiúnta dá nochtfaí na sonraí agus an fhaisnéis sin. Dá bhrí sin, ba cheart gur ceadmhach do na Ballstáit gan na sonraí agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear tríd an tairseach dhigiteach sonraí maidir le sláinte ithreach nó trí chlár na láithreán agus na láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe, ná iad a thuairisciú don Choimisiún ná do EEA.**

(26) Chun go mbeidh sainmhíniú coiteann ann ar riocht sláintiúil ithreach, is gá tacar coiteann íosta de chritéir intomhaiste a shainiú, as a dtiocfaidh caillteanas criticiúil ar acmhainneacht na hithreach feidhmiú mar chóras beo ríthábhachtach agus éicisheirbhísí a sholáthar mura n-urramaítear é. Ba cheart leibhéal na heolaíochta ithreach atá ann cheana a léiriú sna critéir sin agus is ar an eolaíocht sin ba cheart na critéir a bhunú.

(27) Chun tuairisc a thabhairt ar an díghrádú ithreach, is gá tuairisceoirí **coiteanna** ithreach a leagan síos is féidir a thomhas nó a mheas. Cé gur mór an éagsúlacht idir cineálacha ithreach, dálaí aeráide agus úsáidí talún, leis an eolas eolaíoch atá ann faoi láthair, is féidir critéir a leagan síos ar leibhéal an Aontais le haghaidh cuid de na tuairisceoirí ithreach sin. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na critéir le haghaidh cuid de na tuairisceoirí ithreach sin a oiriúnú, bunaithe ar dhálaí sonracha náisiúnta nó áitiúla agus na critéir a shainiú le haghaidh tuairisceoirí ithreach eile nach féidir critéir choiteanna ar leibhéal an Aontais a leagan síos ina leith ag an gcéim seo. I gcás na dtuairisceoirí sin lena ndéanfaí idirdhealú idir riocht sláintiúil agus míshláintiúil ach nach féidir critéir shoiléire a shainaithint ina leith faoi láthair, níl gá ach le faireachán agus measúnú. Éascóidh sé sin forbairt na gcritéar sin amach anseo.

**(27a) Chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir cuspóir mianaidhme fadtéarmach na Treorach seo agus na gnéithe oibríochtúla a bhaineann le cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach a chur chun feidhme, déantar na critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach na dtuairisceoirí ithreach a roinnt ina spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha agus ina dtruicearluachanna oibríochtúla. Is é cuspóir mianaidhme fadtéarmach na Treorach seo a léirítear sna spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha agus ní chruthaíonn siad oibleagáid gníomhú. Léiríonn na spriocluachanna sin, bunaithe ar an eolas eolaíoch atá ann faoi láthair, an staid idéalach nach dtiocfaidh laghdú ar acmhainneacht na n-ithreacha seirbhísí éiceachórais a sholáthar agus nach ndéanfar aon dochar suntasach do shláinte an duine ná don chomhshaol. Mar sin féin, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le héifeachtúlacht agus ar na hacmhainní teoranta atá ar fáil, ní mór bearta chun dea-shláinte ithreach a bhaint amach a chur in ord tosaíochta agus iad a chur chun feidhme de réir a chéile. Tá truicearluachanna oibríochtúla de dhíth, dá bhrí sin. Leis na luachanna sin, tionscnaítear bearta iomchuí chun sláinte ithreach a chothabháil nó a athghiniúint. I gcás gach gné den díghrádú ithreach, socraítear truicearluach comhréireach indéanta amháin nó níos mó. Leis sin, is féidir bearta a chur chun feidhme céim ar chéim, ó fhorairdeall agus múscailt feasachta go bainistiú inbhuanaithe go cleachtais athghiniúna. Trí na truicearluachanna a shocrú ar leibhéal na mBallstát, áirithítear gur féidir dálaí agus cleachtais áitiúla, úsáid ithreach, agus beartais reatha a chur san áireamh go hiomlán. D'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh an truicearluach oibríochtúil le haghaidh díghrádú ithreach amháin nó níos mó a shocrú ar an leibhéal céanna leis an spriocluach le haghaidh na ndíghráduithe ithreach sin. Ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit an sprioc inbhuanaithe agus na truicearluachanna oibríochtúla a bhunú.**

[...]

(29) Tá saintréithe speisialta ag roinnt ithreacha toisc go bhfuil siad neamhghnách ó nádúr agus gur gnáthóga neamhchoitianta don bhithéagsúlacht iad nó gur tírdhreacha uathúla atá iontu, nó toisc gur mór an modhnú a rinne daoine orthu agus **go bhféadfadh sé go bhfuil rian follasach dár n-oidhreacht iontu**. Ba cheart na saintréithe sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an tsainmhínithe ar ithreacha sláintiúla agus na gceanglas maidir le riocht ithreach sláintiúla a bhaint amach.

**(29a) Cosúil leis an gcuspóir mianaidhme fadtéarmach maidir le hithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, agus chun rannchuidiú le cuspóirí Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 agus go háirithe na cuspóirí maidir le 'glantógáil nialasach talún', mar a thugtar air, is é is aidhm don Treoir seo cur chuige céimnithe a ghlacadh freisin maidir le tógáil talún. Chun rannchuidiú leis an sprioc fhadtéarmach sin, tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar na próisis éagsúla tógála talún, agus é mar aidhm a dtionchar ar shláinte ithreach agus ar sheirbhísí éiceachórais a laghdú agus a mhaolú.**
**Dá bhrí sin, is é is aidhm don Treoir seo creat faireacháin a bhunú le haghaidh na ngnéithe níos feiceálaí den tógáil talún: séalú ithreach agus scriosadh ithreach, úsáid a bhaint as uirlisí atá ar fáil cheana féin ar leibhéal an Aontais trí tháirgí Copernicus, arna gcomhlánú go roghnach le sonraí agus fardail chianbhraiteachta náisiúnta. Táthar ag iarraidh a bheith chomh costéifeachtach agus chomh pragmatach agus is féidir ag an gcéim seo, agus é mar sprioc tuiscint chomhchuibhithe a bheith ann, agus tús a chur leis na chéad bhreithnithe ar an leibhéal náisiúnta, bunaithe ar shonraí fónta.**

(30) Is acmhainn theoranta í an ithir a bhíonn faoi réir iomaíocht shíor-mhéadaitheach d'úsáidí éagsúla. **Is próiseas é** tógáil talún **is cúis le modhnú ar úsáid talún agus ar shaintréithe na hithreach. Is féidir breathnú air mar choincheap uileghabhálach is féidir a fhoroinnt i ngnéithe éagsúla. Gné a bhaineann leis an athrú a dhéantar ar úsáid talún nuair a théitear ó úsáidí talún nádúrtha agus breacnádúrtha i dtreo limistéir lonnaíochta. Agus gné eile a bhaineann le saorgú ithreacha mar go ndéantar athrú buan ar na comhpháirteanna agus ar na saintréithe ithreach, rud a fhágann nach mbíonn acmhainneacht ag na hithreacha éicisheirbhísí a sholáthar a thuilleadh.**

**Is féidir an ghné dheireanach sin a bhaineann le tógáil talún, eadhon saorgú ithreach, a roinnt arís de réir trí phríomhphróiseas: séalú ithreach, scriosadh ithreach, agus cineálacha eile saorgaithe ithreach.**

**Is féidir a rá gur comhionann séalú ithreach agus na hithreacha a chumhdach le hábhair shaorga, neamhscagach nó (leath)scagach, agus is minic a scriostar na hithreacha freisin nuair a shéalaítear iad. Sampla de shéalú ithreach neamhscagach is ea foirgnimh agus bóithre. Is cineál de shéalú ithreach leathscagach iad rianta traenach a bhfuil ábhair scagacha ghaolmhara iontu.**

**Tugtar scriosadh ithreach ar scriosadh ciseal dromchla na hithreach agus scriosadh an fho-ithir leis, uaireanta. Is féidir é a fheiceáil den chuid is mó le linn oibreacha tógála, mianadóireacht dhromchla, cairéalú, a bhaineann sraitheanna ithreach go hiomlán - uaireanta go sealadach - , nó níos cealgaí, feictear é i ndiúscairt dramhaíola agus in ionaid dumpála i gcás ina ndéantar an oiread sin dochair di agus go mbeidh sí beagnach scriosta.**

**Ar deireadh, tá cineálacha eile saorgaithe ithreach ann nach bhfuil chomh sofheicthe céanna, mar shampla cobhsú agus balcadh ithreach d'aon ghnó, modhnú ar shraitheanna ithreach nó fo-ithreach trí ábhair shaorga a chur ann nó ithir a chumhdach go páirteach le comhábhair.**

**Is cineál díghrádaithe ithreach é saorgú ithreach a d'fhéadfadh a bheith ar cheann de na cinn is mó a mbíonn tionchar aige ar shláinte ithreach, ós rud é go bhféadfaí an ithir uile a chailleadh dá bharr, trí scriosadh ithreach agus caillteanas iomlán fheidhmeanna na hithreach, rud a laghdaíonn go minic na seirbhísí a sholáthraíonn ithir d'ardán bonneagair agus d'fhoinse amhábhar, agus is féidir insíothlú a dhéanamh fós san (fho-)ithir uaireanta, go háirithe nuair a úsáidtear ábhair (leath-)scagacha. Is iad na fochineálacha saorgaithe ithreach is infheicthe agus is mó tionchar – séalú ithreach agus scriosadh ithreach – is éasca faireachán a dhéanamh orthu freisin, agus dá réir sin is orthu a dhírítear an faireachán sa Treoir seo den chuid is mó.**

(30a) **Ar na gnéithe a bhaineann le tógáil talún, is próiseas é fás limistéar lonnaíochta** arb iad riachtanais forbartha eacnamaíche is cúis leis go minic, [...] **agus a bhaineann le hathrú ar úsáid talún ó** limistéir nádúrtha agus breacnádúrtha (lena n-áirítear **foraoisí faoi chosaint, féarthailte nádúrtha, talamh portaigh,** talamh talmhaíochta agus foraoiseachta, gairdíní agus páirceanna) [...] **go limistéar lonnaíochta, mar shampla, mar chuid** d'fhorbairt **uirbeach**.

**Áirítear ar limistéir lonnaíochta, mar a chuirtear síos orthu i Rialachán (AE) 2018/841 (athbhreithnithe), an bonneagar talún forbartha uile - i.e. bonneagar cónaithe, iompair, tráchtála agus táirgthe (tráchtála, monaraíochta) d'aon mhéid, mura bhfuil siad san áireamh cheana faoi chatagóirí eile úsáide talún. Áirítear leis freisin ithreacha, fásra ilbhliantúil luibheach, cuir i gcás, féar móna agus plandaí gairdín, crainn i lonnaíochtaí tuaithe, gairdíní baile agus limistéir uirbeacha.**

**Go háirithe, is minic a bhíonn tionchar ag an ngné sin den tógáil talún ar na hithreacha talmhaíochta is torthúla, rud a d'fhéadfadh an tslándáil bia a chur i mbaol, trí na hithreacha a 'thógáil' chun críche lonnaíochta. Is minic, ach ní i gcónaí, a dhéantar an t-athrú sin ar úsáid talún sula ndéantar gnéithe eile a bhaineann le tógáil talún, go háirithe séalú ithreach, agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh air chun ar a laghad cuid den phróiseas séalaithe ithreach a réamh-mheas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach mbíonn lonnaíochtaí séalaithe go hiomlán i gcónaí. Os a choinne sin, coinníonn cuid mhór limistéar uirbeach líon mór ithreacha neamhshéalaithe i gcónaí, uaireanta os cionn 50 % dá ndromchla. Dá bhrí sin, ní leor an táscaire sin maidir le tógáil talún ina aonair chun faireachán iomlán a dhéanamh ar an tsaincheist, toisc nach ndéantar idirdhealú idir ithreacha séalaithe agus ithreacha neamhshéalaithe, agus go ndéantar na limistéir ghlasa laistigh de limistéir lonnaíochta a cheilt, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra faireachán agus bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh orthu.**

**(30b) Tá ithreacha neamhshéalaithe i limistéir lonnaíochta, agus i limistéir uirbeacha dhlúthdhaonra go háirithe, chomh tábhachtach céanna le haon ithreacha eile i dtaca le faireachán agus bainistiú inbhuanaithe, ós rud é go bhfuil éicisheirbhísí fós á soláthar acu atá ríthábhachtach chun dea-cháilíocht saoil a choinneáil ar bun laistigh de limistéir uirbeacha. Ceanglaíonn agus bailíonn na ceantair dhlúthdhaonra seo raon leathan saincheisteanna comhshaoil i limistéar dromchla níos lú. D'fhéadfadh na saincheisteanna seo a bheith ag baint le ráta níos airde láithreán éillithe mar gheall ar thionscail a bhí ann san am a chuaigh thart, le riosca níos airde tuilte mar gheall ar shéalú ithreach, le níos mó oileán teasa agus rochtain níos teoranta ar limistéir ghlasa atá riachtanach d'fholláine mheabhrach agus choirp. Is féidir le héicisheirbhísí ithreach a sholáthraíonn ithreacha sláintiúla i limistéar uirbeach tionchar an-dearfach a bheith acu ar líon mór daoine trí dhul i ngleic leis na saincheisteanna sonracha sin agus níor cheart beag a dhéanamh dá dtábhacht. Cuireann na spásanna glasa sin, idir phoiblí agus phríobháideach, leis an ngréasán gormghlas agus leis an mbithéagsúlacht freisin, agus is gné lárnach iad do bheartais chomhshaoil eile. Tá sé sin i gcomhréir freisin le hAirteagal 8 de Rialachán …/…[24] + maidir le héiceachórais uirbeacha a athbhunú, lena léirítear gur gá do na Ballstáit dromchla na spásanna glasa uirbeacha a choinneáil agus a mhéadú.**

[24] **+ Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathbhunú an dúlra atá in COM (2022) 304**

**(30c)** **Ar an taobh eile, tá séalú ithreach agus scriosadh ithreach, mar chuid den ghné shaorgaithe ithreach a bhaineann le tógáil talún, éagsúil ó fhás lonnaíochtaí, ós rud é nach ndíríonn siad ar athrú ar úsáid talún, ach ar athrú nithiúil intomhaiste ar chumhdach ithreach agus ar shaintréithe ithreach. Agus ithir á séalú, déantar an** [...] **ithir a mhodhnú agus a laghdú, mar shampla, chun go mbeidh sí** ina hardán le haghaidh tógálacha agus bonneagair, **lena n-áirítear foirgnimh, bóithre, páirceáil, agus dromchlaí mianracha eile. Trí ithreach a bhaint, fiú go sealadach, tá an baol ann go ndéanfaí í a scriosadh nuair úsáidtear an ithir** mar fhoinse dhíreach amhábhair**, cuir i gcás, mianraí agus lignít, le linn gníomhaíochtaí mianadóireachta nó cairéalaithe, le linn oibreacha tógála nó mar chuid de shéalú ithreach.** [...] **Is féidir é sin a fheiceáil freisin in ionaid dumpála, i gcás ina gcumhdaítear an ithir le hábhair dramhaíola, rud a dhéanann an oiread sin dochair di agus go mbeidh sí beagnach scriosta.** D'fhéadfadh **na** claochl**uithe** sin a bheith ina chúis le cailliúint acmhainneacht na n-ithreacha chun éicisheirbhísí eile a sholáthar (soláthar bia agus bithmhaise, timthriall uisce agus cothaitheach, an bunús don bhithéagsúlacht agus don stóráil carbóin), agus is minic gur cailliúint bhuan í sin. Go háirithe, [...] is minic [...] a dhéantar **séalú ithreach** ar ithreacha talmhaíochta torthúla, [...] **rud a chuireann isteach níos mó** ar shlándáil an tsoláthair bia [...]. Nochtann ithir shéalaithe lonnaíochtaí daonna do bhuaicphointí tuilte níos airde agus d'éifeachtaí an oileáin teasa a bhíonn níos déine freisin. **Ina theannta sin, is iad ithreacha séalaithe agus scriosta na gnéithe saorgaithe ithreach is éasca i dtaca le faireachán trí chianbhraiteacht agus trí mheaisínfhoghlaim, mar sin, bíonn sé níos éasca faireachán a dhéanamh orthu.** Dá bhrí sin, **roghnaíodh ithreacha séalaithe agus scriosta** [...] le faireachán a dhéanamh orthu [...] **chomh maith leis na** héifeachtaí **atá acu** ar acmhainneacht na hithreach éicisheirbhísí a sholáthar.

**(30d) A mhéid a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, is féidir leis na Ballstáit an ithir a cháiliú mar ithir shéalaithe, ithir scriosta nó mar ithir nach bhfuil séalaithe ná scriosta, ag brath ar an gcineál tógála. Mar shampla, d'fhéadfaí féachaint ar pháirceanna gréine mar shéalú ithreach nó d'fhéadfaí a mheas nach séalú ithreach iad, ag brath ar an méid a dhéantar leis an ithir atá ag a mbun. Más féidir leis an ithir leanúint d'éiceachóras a chothú ar bhealach sách maith, ní mheastar gur séalú ithreach é. Ba cheart an measúnú a bhunú ar an tionchar ar an ithir, gan beann ar chuspóir ná ar chuma na tógála. Is féidir fardail den chineál sin limistéar, ina bhfuil faisnéis ar fáil faoin méid a dhéantar leis an ithir ag a mbun, a thrasnú leis na léarscáileanna cianbhraiteachta de shéalú ithreach chun na limistéir sin a cháiliú mar ithreacha neamhshéalaithe.**

**(30e) Tá prionsabal an laghdaithe ar an tionchar fíor- riachtanach a mhéid a bhaineann le séalú ithreach agus scriosadh ithreach i gcoitinne. Go deimhin, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a aimsiú idir an fás eacnamaíoch agus déimeagrafach is gá, agus soláthar seirbhísí éiceachórais.** Mar sin, [...] is iomchuí freisin prionsabail áirithe a leagan síos chun tionchair [...] **an tséalaithe ithreach agus an scriosta ithreach** a mhaolú mar chuid de bhainistiú inbhuanaithe ithreach, **trí chur chuige iarrachtbhunaithe a ghlacadh agus tacar mór dea-chleachtas á chur san áireamh lena ndírítear ar chaillteanas acmhainneacht na hithreach éicisheirbhísí a sholáthar a íoslaghdú agus a sheach-chur**. **Ba cheart iad a bheith bunaithe ar ordlathas na tógála talún atá i Straitéis Ithreach an Aontais go dtí 2030, agus coinníollacha éagsúla agus imthosca geografacha agus riaracháin éagsúla sna Ballstáit á gcur san áireamh.**

**Is féidir raon leathan cleachtas a chumhdach leo sin, cuir i gcás séalú ithreach a íoslaghdú, ithreacha a bhí séalaithe roimhe sin a dhíshéalú agus a athnádúrú, dlús réasúnach a chur le limistéir uirbithe agus spásanna glasa – lena n-áirítear spásanna glasa uirbeacha – agus tír-raonta nádúrtha a chosaint ag an am céanna, athbheochan láithreán athfhorbraíochta, tosaíocht a thabhairt do thógáil talún a bhfuil teorainn ama léi agus an talamh a athshlánú nuair a bheidh deireadh leis an tógáil talún.**

**Ba cheart a thabhairt faoi deara, chun a bheith chomh hinbhuanaithe agus is féidir agus na prionsabail sin á gcur i bhfeidhm, go bhféadfadh sé gur gá do na bearta seach-churtha, ag brath ar an tseirbhís éiceachórais atá le seach-chur, a bheith chomh gar agus is féidir ó thaobh na tíreolaíochta de d'fhoinse chaillteanas na seirbhíse éiceachórais. Go deimhin, má chuirtear an cineál sin prionsabal i bhfeidhm go mícheart iad, d'fhéadfaí limistéir agus seirbhísí éiceachórais glasa ardluacha a easáitiú - go minic i bhfad amach - ó na háiteanna séalaithe, agus an séalú ithreach agus scriosadh ithreach ar fad a bheith sna limistéir atá buailte.**

(31) Ba cheart an measúnú ar shláinte ithreach bunaithe ar an líonra faireacháin a bheith cruinn, agus an tráth céanna, costais an fhaireacháin sin a choimeád ar leibhéal réasúnta. Dá bhrí sin, is iomchuí critéir a leagan síos maidir le pointí samplála a bheidh ionadaíoch do na **haonaid ithreach a léiríonn méid áirithe aonchineálachta ó thaobh riocht na hithreach de** faoi chineálacha ithreach, dálaí aeráide agus úsáidí talún éagsúla.

**Is iomchuí freisin cás sonrach na réigiún is forimeallaí san Aontas a chur san áireamh, mar a liostaítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina bhforáiltear do bhearta sonracha chun tacú leis na réigiúin sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, nuair is gá, an faireachán agus an measúnú ar oibleagáidí maidir le sláinte ithreach a oiriúnú do shaintréithe sonracha na réigiún is forimeallaí acu.**

Ba cheart greille na bpointí samplála a chinneadh trí mhodhanna geostaitistiúla a úsáid, **ba cheart í a bheith bunaithe ar na haonaid ithreach** agus ba cheart í a bheith dlúth go leor chun meastachán a sholáthar ar limistéar [...] na n-ithreacha **díghrádaithe ar fud chríoch na mBallstát** [...] agus neamhchinnteacht nach mó ná 5 % **ar leibhéal an aonaid ithreach** ag gabháil leis. Meastar go coitianta go soláthraíonn an luach sin meastachán atá slán ó thaobh an staidrimh de, in éineacht le dearbhú réasúnach gur baineadh amach an cuspóir. **Ba cheart dearadh an tsuirbhé shamplaigh a bhunú [...] ar an bhfaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil maidir le dáileadh airíonna ithreach, lena n-áirítear an fhaisnéis a thagann ó shuirbhéanna náisiúnta nó fonáisiúnta a rinneadh roimhe seo, ó thomhais ábhartha ó bhainisteoirí ithreach agus ó thomhais arna ndéanamh faoi reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht idirnáisiúnta nó ó chláir shonracha, mar shampla feachtas ithreach LUCAS mar chuid de Shuirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún, nó an Clár Comhair Idirnáisiúnta maidir le Measúnú agus Faireachán ar Éifeachtaí an Aerthruaillithe ar Fhoraoisí, ach gan a bheith teoranta don fhaisnéis sin. Féadfar sonraí a fhaightear ó phointí samplála a tógadh le linn imscrúduithe ithreach ag láithreáin éillithe a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chritéir maidir le sláinte ithreach, ach níor cheart go gcuirfí cosc leo ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach faoin Treoir seo maidir le láithreáin éillithe a bhainistiú.**

(32) Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus tacú leo, **arna iarraidh sin dóibh**, faireachán a dhéanamh ar shláinte **a n-**ithreach trí leanúint de shampláil ithreach agus tomhais ithreach ghaolmhara (ithir LUCAS) a dhéanamh agus a fheabhsú ar bhonn tráthrialta *in situ* mar chuid de Chlár an tSuirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (LUCAS) **lena gcuirtear i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[25]. Chun na críche sin, **agus faoi réir chomhaontú na mBallstát, ba cheart** Clár LUCAS a fheabhsú agus a uasghrádú chun é a ailíniú go hiomlán leis na ceanglais cháilíochta shonracha atá le comhlíonadh chun críoch na Treorach seo. Chun an t-ualach a mhaolú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na sonraí maidir le sláinte ithreach a scrúdaítear faoi ithir fheabhsaithe LUCAS a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ar an gcaoi sin na socruithe dlí is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfaidh an Coimisiún an tsampláil ithreach *in situ* sin a dhéanamh, lena n-áirítear ar pháirceanna faoi úinéireacht phríobháideach, agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó an reachtaíocht de chuid an Aontais is infheidhme.

(33) Tá seirbhísí cianbhraiteachta á bhforbairt ag an gCoimisiún i gcomhthéacs Copernicus mar chlár atá dírithe ar úsáideoirí **arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696**[26], agus leis sin is amhlaidh atá siad ag tacú leis na Ballstáit freisin. Chun tráthúlacht agus éifeachtacht an fhaireacháin ar shláinte ithreach a mhéadú, agus i gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit sonraí cianbhraiteachta a úsáid, lena n-áirítear aschuir ó sheirbhísí Copernicus, chun faireachán a dhéanamh ar thuairisceoirí ithreach ábhartha **agus ar tháscairí ithreach i dtaca le séalú ithreach agus scriosadh ithreach** agus chun measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil tacú le hiniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí um chianbhraiteacht ithreach, chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na tuairisceoirí agus ar na **táscairí** ithreach ábhartha.

---

[25] **Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164–173).**

[26] **Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lgh. 69-148).**

(34) Agus an Coimisiún ag forbairt agus ag uasghrádú fhaireachlann ithreach an Aontais atá ann cheana, ba cheart dó tairseach dhigiteach um shonraí maidir le sláinte ithreach a bhunú, ar cheart di a bheith comhoiriúnach leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[27] agus le spásanna sonraí an Aontais, agus ar cheart di a bheith ina mol chun rochtain a sholáthar ar shonraí maidir le hithir a thagann ó fhoinsí éagsúla, san fhoirm chomhlánaithe **ar leibhéal an aonaid ithreach nó ar leibhéal níos mionsonraithe más ábhartha, fad nach féidir na luachanna aonair ná suíomh na mbunsamplaí geothagartha a shainaithint**. Ba cheart a áireamh ar an tairseach sin go príomha na sonraí uile arna mbailiú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún mar a cheanglaítear leis an Treoir seo. **Ba cheart an chaoi ina láimhseáiltear na sonraí sin agus an rochtain orthu a bheith i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais, cuir i gcás Treoir 2003/04/CE maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol, Treoir 2007/2/CE maidir le Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil a bhunú sa Chomhphobal Eorpach, Treoir 1024/2019/CE maidir le sonraí oscailte agus faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid, Rialachán 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí, agus Rialachán 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a dtuairim a chur in iúl maidir leis na sonraí a chuirtear ar fáil don phobal dá gcríoch tríd an tairseach nó trí thuarascálacha gaolmhara, agus a iarraidh go gceartófaí earráidí más ann dóibh.**

**Chomh maith leis sin,** ba cheart a bheith in ann [...] sonraí ábhartha eile maidir le hithir arna mbailiú ag na Ballstáit nó ag aon pháirtí eile a chomhtháthú sa tairseach, agus é sin ar bhonn deonach (agus go háirithe sonraí a thagann as tionscadail faoi Fhís Eorpach agus faoin Misean 'Comhaontú Ithreach don Eoraip'), ar choinníoll go gcomhlíonann na sonraí sin ceanglais áirithe a mhéid a bhaineann le formáid agus sonraíochtaí. Ba cheart don Choimisiún na ceanglais sin a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

---

**27** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i ndáil leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, COM(2020)66 final.

(35) Is gá freisin feabhas a chur ar chomhchuibhiú na gcóras faireacháin ithreach a úsáidtear sna Ballstáit agus leas a bhaint as na sineirgí idir córais faireacháin an Aontais agus na córais náisiúnta chun sonraí níos inchomparáide a bheith ann ar fud an Aontais. **I ndáil leis sin, tá sé an-  tábhachtach go ndéanfaí cáilíocht agus inchomparáideacht na dtomhas ithreach a áirithiú trí chleachtais an chórais bainistíochta cáilíochta a bheith á gcur i bhfeidhm ag na saotharlanna lena mbaineann. Chun an t-ualach riaracháin atá ar na saotharlanna a laghdú, d'fhéadfadh Ballstát a chinneadh líon na gcreidiúnuithe is gá do na saotharlanna a theorannú do cheann amháin de na modheolaíochtaí a úsáidtear chun luachanna na dtuairisceoirí ithreach a chinneadh. D'fhéadfaí caighdeáin choibhéiseacha a úsáid ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar shampla córas bainistithe cáilíochta na bhForaoisí faoin gClár Comhair Idirnáisiúnta.**

**(35a) Chun a áirithiú go mbeidh cosaint ag ithreacha ó thruailliú ó shubstaintí atá ag teacht chun cinn agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le rioscaí móra do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe, agus a d'fhéadfadh an t-aer atá timpeall orthu, uiscí dromchla agus screamhuisce a éilliú, agus aigéin a éilliú ina dhiaidh sin, ba cheart sásraí beartais a bhunú chun substaintí mar sin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith a bhrath agus a mheasúnú. I ndáil leis sin, ba cheart cur chuige a fhorbairt le haghaidh éilliú ithreach, cur chuige lenar féidir faireachán agus anailís a dhéanamh ar na substaintí sin nó ar na grúpaí substaintí sin trí liostaí faire, mar a dhéantar cheana féin i gcás uisce dromchla agus screamhuisce. Maidir leis na substaintí nó grúpaí substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, ba cheart iad a roghnú as measc na substaintí sin lena léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht ithreach, nó tríd an timpeallacht ithreach, agus nach leordhóthanach na sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Níor cheart teorainn a chur le líon na substaintí sin nó na ngrúpaí substaintí sin a bhfuil faireachán agus anailís le déanamh orthu faoi na liostaí faire.**

(36) Chun an úsáid is forleithne is féidir a bhaint as sonraí maidir le sláinte ithreach arna nginiúint ag an bhfaireachán a dhéantar faoin Treoir seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rochtain ar na sonraí sin a éascú **don phobal, san fhoirm chomhlánaithe ar leibhéal an aonaid ithreach nó ar leibhéal níos mionsonraithe más ábhartha, fad nach féidir na luachanna aonair ná suíomh na mbunsamplaí geothagartha a shainaithint. Ba cheart an fhaisnéis rúnda a bhailíonn an Coimisiún nó na Ballstáit chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh a chosaint i gcomhréir le rialacha agus bearta Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun muinín na bpáirtithe atá freagrach as soláthar na faisnéise sin a ghnóthú agus a choinneáil. I gcás ina dtáirgfidh an Coimisiún nó na Ballstáit staidreamh maidir le sláinte ithreach, ba cheart dóibh a áirithiú go n-urramófar prionsabail Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sna sonraí rúnda.**

**Thairis sin, chun úinéireacht sonraí a chosaint, tá sé tábhachtach nach nochtfaidh an Coimisiún, LEE ná na Ballstáit faisnéis ach amháin le toiliú úinéir na sonraí.**

**Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit sonraí agus measúnuithe maidir le sláinte ithreach [...] a chur in iúl do** na páirtithe leasmhara ábhartha, mar shampla, feirmeoirí, foraoiseoirí, úinéirí talún agus údaráis áitiúla, **arna iarraidh sin dóibh**.

**Thairis sin, is féidir sonraí maidir le sláinte ithreach a chuirtear ar fáil de bhun na Treorach seo a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann leis an ithir i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, i gcás inarb ábhartha.**

(37) Chun sláinte ithreach a chothú nó a bhreisiú, is gá bainistiú oiriúnach a dhéanamh ar ithreacha. Leis an mbainistiú inbhuanaithe ithreach, cumasófar soláthar fadtéarmach seirbhísí ithreach, lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce fheabhsaithe agus slándáil bia. Is iomchuí dá bhrí sin prionsabail **threoracha** um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagan síos chun cleachtais um bainistiú ithreach [...] **a shainiú**.

(38) Bíonn ról ríthábhachtach ag ionstraimí eacnamaíocha, lena n-áirítear iad sin faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a sholáthraíonn tacaíocht d'fheirmeoirí, san aistriú chuig bainistiú inbhuanaithe ithreacha talmhaíochta agus, ar bhonn níos lú, ithreacha foraoise. Tá sé d'aidhm ag CBT tacú le sláinte ithreach trí choinníollacht, éiciscéimeanna agus bearta forbartha tuaithe a chur chun feidhme. Is féidir tacaíocht airgeadais d'fheirmeoirí agus d'fhoraoiseoirí a chuireann cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach i bhfeidhm a ghiniúint freisin san earnáil phríobháideach. Is féidir na prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagtar amach sa Treoir seo a thabhairt san áireamh sna lipéid inbhuanaitheachta deonacha i dtionscail an bhia, an adhmaid, an fhuinnimh agus sa tionscadal bithbhunaithe, mar shampla, arna bhunú ag páirtithe leasmhara príobháideacha. Is féidir leis sin táirgeoirí bia, adhmaid agus bithmhaise eile a leanann na prionsabail sin ina dtáirgeadh iad sin a léiriú i luach a dtáirgí. Soláthrófar cistiú breise le haghaidh líonra de láithreáin fhíora i gcomhair réitigh a thástáil, a léiriú agus a uas-scálú, lena n-áirítear ar fheirmeoireacht carbóin, trí shaotharlanna beo agus tithe solais an Mhisin Ithreach. Gan dochar don phrionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht agus comhairle a sholáthar chun cuidiú le húsáideoirí talún a ndéanfar difear dóibh trí ghníomhaíocht a ghlacfar faoin Treoir seo agus riachtanais agus inniúlachtaí teoranta na bhfiontar beag agus meánmhéide go háirithe á dtabhairt san áireamh.

(39) De bhun Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28], ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT ar an mbealach a bhfuil sé ceaptha go rannchuideoidh ailtireacht chomhshaoil agus aeráide na bPleananna sin le gnóthú spriocanna náisiúnta fadtéarmacha arna leagan amach sna gníomhartha reachtacha, nó ag eascairt astu, a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus a bhfuil sé ceaptha go mbeidh sí comhsheasmhach leis na spriocanna sin.

---

28 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

(40) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na cleachtais inbhuanaithe is fearr um bainistiú ithreach , ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar na gcleachtas inbhuanaithe sin um bainistiú ithreach agus cleachtais agus moltaí a choigeartú de réir mar is gá, agus eolas nua ó thaighde agus nuálaíocht á thabhairt san áireamh. Tá coinne le rannpháirtíocht luachmhar chuige sin ó Mhisean Fís Eorpach 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' agus go háirithe a shaotharlanna agus a ghníomhaíochtaí beo chun tacú le faireachán ithreach, oideachas ithreach agus rannpháirtíocht saoránach.

(41) **Le** hathghiniúint **ithreach agus athnádúrú ithreach,** cuirtear cuma shláintiúil arís ar ithreacha díghrádaithe. Agus bearta um athghiniúint ithreach á sainiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit toradh an mheasúnaithe um ithir shláintiúil a thabhairt san áireamh agus na bearta athghiniúna sin a oiriúnú do shaintréithe sonracha de chás, cineál, úsáid agus riocht na hithreach agus do na dálaí áitiúla, aeráide agus comhshaoil.

**I gcás athnádúrú ithreach, agus i gcomhthéacs na Treorach seo, tá sé éagsúil le hathghiniúint ithreach sa mhéid is go gcumhdaítear leis atógáil ithreacha tar éis séalú ithreach nó scriosadh ithreach, agus is bealach é freisin chun cur i gcoinne saorgú ithreach sa chiall is leithne trí athghiniúint ithreach, trí chomhchodanna agus próisis níos nádúrtha a aisghabháil le haghaidh ithir a ndearnadh saorgú uirthi. Is é an sprioc dheiridh a bheith chomh gar agus is féidir d'fheidhmiú nádúrtha na hithreach agus na seirbhísí éiceachórais is fearr is féidir á sholáthar aici. Is bealaí féideartha iad réitigh dhúlrabhunaithe nó innealtóireacht ithreacha nua chun an sprioc sin a bhaint amach.**

(42) Chun sineirgí a áirithiú idir na bearta difriúla arna ndéanamh faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte ithreach, agus na bearta atá le cur i bhfeidhm chun ithreacha san Aontas a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athghiniúint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na cleachtais um bainistiú ithreach inbhuanaithe agus um athghiniúint comhleanúnach le pleananna athchóirithe náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (UE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]; na pleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115, na cóid dea-chleachtais talmhaíochta agus na cláir ghníomhaíochta maidir le criosanna leochaileacha ainmnithe arna nglacadh i gcomhréir le Treoir (AE) 91/676/CEE ón gComhairle[30], na bearta caomhnaithe agus an creat gníomhaíochta tosaíochta arna bhunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[31], na bearta chun dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach na ndobharlach a bhaint amach a áirítear i bpleananna bainistithe abhantraí arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], na bearta um bainistiú riosca tuile arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], na pleananna um bainistiú triomaigh arna gcur chun cinn i Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[34], na cláir ghníomhaíochta náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, spriocanna a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] agus Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

**29** Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathchóiriú an dúlra atá in COM(2022) 304 final agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta [...]

**30** Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

**31** Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus *fauna* agus *flora* fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

**32** Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73).

**33** Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

**34** Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide COM(2021)82 final.

**35** Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinneamh 2030, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

**36** Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

gComhairle[37], na cláir náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], measúnuithe riosca agus pleanáil um bainistiú riosca tubaiste arna mbunú i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], agus na pleananna gníomhaíochta arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle+[40], **agus na pleananna náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], agus na measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, arna ndéanamh de réir Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[42]. Ba cheart na cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais um athghiniúint a bheith, a mhéid is féidir, comhtháite laistigh de na cláir, pleananna agus beartais sin a mhéid a rannchuidíonn siad le baint amach a gcuspóirí. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le táscairí agus sonraí ábhartha, amhail táscairí toraidh a bhaineann le hithir faoi Rialachán CBT agus sonraí staidrimh maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta arna thuairisciú faoi Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43], ba cheart iad a bheith inrochtana do na húdaráis inniúla atá freagrach as cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais um athghiniúint agus measúnú ar shláinte ithreach chun na sonraí agus na táscairí sin a thrasnascadh agus dá réir sin go bhféadfaí an measúnú is cruinne is féidir a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a roghnaíodh.

(43) **Is minic** gurb ann do láithreáin éillithe mar gheall ar dheacáidí **de ghníomhaíochtaí ar nós** gníomhaíocht thionsclaíoch **nó mhíleata san Aontas** agus d’fhéadfadh rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bheith dá dtoradh anois agus sa todhchaí. Is gá i dtosach, dá bhrí sin, láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus imscrúdú a dhéanamh orthu agus ansin, i gcás ina ndeimhneofar éilliú, measúnú a dhéanamh ar rioscaí **an láithreáin**

---

37 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

38 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

39 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

40 + OIFIG NA bhFOILSEACHÁN: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe táirge cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 atá in COM(2022)305 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta

41 **Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).**

42 **Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).**

43 Rialachán (AE) 2022/2379 maidir le staidreamh faoi ionchur agus aschur talmhaíochta.

**éillithe** agus bearta a dhéanamh le dul i ngleic le rioscaí do-ghlactha. **Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach an tionchar atá ag láithreán éillithe ar mheáin chomhshaoil nó ar mhaitrísí seachas ithir, mar shampla, screamhuisce nó uisce dromchla, a mheas freisin. D'fhéadfadh sé gur tharla cuid de na gníomhaíochtaí sin, mar shampla i saoráidí stórála faoi thalamh le haghaidh substaintí contúirteacha, sa mháthairábhar nó sa bhuncharraig. Tar éis sceitheadh a bheith ann sna saoráidí stórála faoi thalamh sin, is féidir gur bhog éilleáin isteach sa bhuncharraig nó sna máthairábhair, ach is beag seans go dtiocfar orthu san ithir. D'fhéadfadh siad scaipeadh mar sin féin agus tionchar a bheith acu dá réir sin ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, i gcás inarb ann do ghníomhaíochtaí mar sin ag láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe, ní mór imscrúdú a dhéanamh freisin ar an máthairábhar nó ar an mbuncharraig i gcóngar na gníomhaíochta chun a chinneadh ar tharla éilliú de thoradh na gníomhaíocht ag a bhfuil tionchar ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol.**

(43a) **Ní mór a chinneadh le** himscrúdú ithreach **an bhfuil láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe ina láithreán éillithe, agus an gcuireann an t-éilliú sláinte an duine nó an comhshaol i mbaol; níl sé éigeantach anailís a dhéanamh ar thuairisceoirí ithreach eile seachas éilliú ithreach agus an t-imscrúdú sin á dhéanamh. Ós rud é go bhféadfadh athrú teacht ar úsáid talún le himeacht ama, is ábhartha rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis faoi éilliú i gcónaí. Mar shampla, nuair a bhíonn cinneadh le déanamh faoi úsáid talún a athrú, tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh an bhféadfadh éilliú ar thángthas air in imscrúdú ithreach a rinneadh roimhe riosca a chruthú don úsáid nua talún atá beartaithe. Mar sin, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe éillithe, ní mór na rioscaí do shláinte an duine nó don chomhshaol atá nasctha le húsáidí íogaire láithreáin a chur san áireamh freisin.** D'fhéadfaí a chruthú trí **imscrúdú ithreach freisin** nach bhfuil láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe ina láithreán atá éillithe. Sa chás sin, níor cheart do na Ballstáit an láithreán a lipéadú a thuilleadh mar láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe, mura bhfuil éilliú amhrasta bunaithe ar fhianaise nua.

(43b) **Ós rud é go bhféadfadh líon na láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus líon na láithreán éillithe a bheith an-ard agus go bhféadfadh an leibhéal riosca a bhaineann le láithreán éillithe a bheith idir an-íseal agus an-ard, is loighciúil cloí le cur chuige rioscabhunaithe céim ar chéim chun láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus a imscrúdú agus chun láithreáin éillithe a bhainistiú. Leis an gcur chuige sin, is féidir leis na Ballstáit na láithreáin a chur in ord tosaíochta. Agus na tosaíochtaí sin á gcur in ord, is féidir leis na Ballstáit an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le héilliú amhrasta nó deimhnithe a chur san áireamh, chomh maith leis an gcomhthéacs eacnamaíoch nó sóisialta. Tá an mheastóireacht ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a úsáidtear agus na tosaíochtaí á gcur in ord i bhfad níos cineálaí ná an measúnú riosca láithreán-sonrach a dhéantar agus láithreán éillithe á imscrúdú.**

(44) Chun láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit fianaise a bhailiú, i measc bealaí eile, trí thaighde stairiúil lena ndéantar **faisnéis faoi** [...] **ghníomhaíochtaí,** teagmhais agus timpistí sa tionscal a thaiscéaladh **agus úsáid á baint as seanléarscáileanna, cartlanna, ailt phreasa**, ceadanna comhshaoil agus fógraí ón bpobal nó ó na húdaráis. **Ba cheart do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le liosta de ghníomhaíochtaí a bhféadfadh éilliú a bheith ann mar thoradh orthu agus ba cheart an deis a bheith acu tosaíocht a thabhairt do láithreáin áirithe a d’fhéadfadh a bheith éillithe arb iad is dóichí a chruthódh riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol, bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta, ar mhéid an éillithe a d’fhéadfadh a bheith ann, ar léiriú an riosca láithrigh nó ar fhaisnéis ábhartha eile. Ós rud é go bhféadfadh athrú teacht, le himeacht ama, ar an líon láithreán a d’fhéadfadh a bheith éillithe, ba cheart an chéad sainaithint a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama shainithe, bunaithe ar an bhfianaise atá ann cheana, agus ba cheart an chuid eile a shainaithint trí chur chuige córasach.**

(45) Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe ithreach ar láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe go tráthúil agus go héifeachtach, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit, anuas ar an oibleagáid chun an [...] **tréimhse ama** a leagan síos faoinar cheart na himscrúduithe sin a dhéanamh, imeachtaí sonracha a leagan síos lena spreagtar imscrúdú den sórt sin freisin. D’fhéadfaí a áireamh ar imeachtaí spreagtha den sórt sin iarraidh nó athbhreithniú ar chead comhshaoil nó tógála nó údarú a cheanglaítear de bhun reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta, gníomhaíochtaí um thochailt ithreach, athruithe ar úsáid talún nó idirbhearta talún nó réadmhaoine. D’fhéadfadh céimeanna éagsúla a bheith i gceist le himscrúduithe ithreach, mar shampla, **réamh**thaighde deisce, **staidéar stairiúil láithreán-sonrach chun faisnéis a bhailiú faoi ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, teagmhais nó timpistí a bhí ann roimhe seo,** cuairt ar an láithreán, réamhimscrúdú nó imscrúdú taiscéalaíoch, imscrúdú níos mionsonraithe nó níos tuairisciúla, [...] tástáil allamuigh nó saotharlainne, **agus d’fhéadfaí a áireamh leis sin measúnú láithreán-sonrach ar na rioscaí a bhaineann leis an éilliú do shláinte an duine agus don chomhshaol**. **I gcás ina dtiocfar ar éilliú, ba cheart go mbunófaí leis an imscrúdú ithreach saintréithriú an éillithe agus a chomhthéacs comhshaoil agus ba cheart go soláthrófaí faisnéis bhunúsach leis don mheasúnú riosca láithreán-sonrach agus do na bearta laghdaithe riosca a dhearfar ina dhiaidh sin.** D’fhéadfadh tuarascálacha bunlíne agus bearta faireacháin arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] cáiliú chomh maith mar imscrúdú ithreach i gcás inarb iomchuí.

---

**44** Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17.

(46) Is gá solúbthacht a bheith ann do bhainistiú láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe chun costais, tairbhí agus sainiúlachtaí áitiúla a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit dá bhrí sin dul i muinín cur chuige rioscabhunaithe **céim ar chéim** ar a laghad chun bainistiú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus ar láithreáin éillithe, agus an difríocht idir an dá chatagóir sin á tabhairt san áireamh, agus lena gceadaítear acmhainní a leithdháileadh agus an comhthéacs sonrach comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta á chur san áireamh. Ba cheart cinntí a dhéanamh**, lena n-áirítear** na cinntí **maidir leis an gcur chuige rioscabhunaithe céim ar chéim,** bunaithe ar chineál agus méid na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol de thoradh teagmháil le héilleáin ithreacha **nó le héilleáin a d'aistrigh go dtí an screamhuisce** (e.g. teagmháil le daonraí leochaileacha ar nós mná torracha, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus leanaí).

**(46a) Ba cheart na leibhéil chúlra nádúrtha agus antrapaigineacha a chur san áireamh sa mheasúnú riosca agus d'fhéadfadh sin cabhrú freisin le cuspóirí feabhsúcháin nó bainistíochta a leagan síos.**

**(46b)** Ba cheart an anailís costais is tairbhe ar **imscrúdú, measúnú riosca láithreán-sonrach nó** feabhsúchán a dhéanamh a bheith dearfach. **Mar shampla, i gcás láithreáin éillithe ar mionscála, d'fhéadfadh measúnú riosca mionsonraithe láithreán-sonrach a bheith níos costasaí ná feabhsúchán ithreach láithreach, nó d'fhéadfadh éilliú a bheith chomh follasach tromchúiseach sin ar láithreán nach mbeadh gá le measúnú riosca mionsonraithe láithreán-sonrach chun cinneadh a dhéanamh feabhsúchán a dhéanamh. Sna cásanna sin, is féidir líon na gcéimeanna sa chur chuige rioscabhunaithe a laghdú agus is beag breisluach a bhíonn ag baint le measúnú mionsonraithe riosca láithreán-sonrach.** Ba cheart do na Ballstáit an mhodheolaíocht shonrach a leagan síos chun na rioscaí láithreán-sonracha a bhaineann le láithreáin éillithe a chinneadh. Ba cheart do na Ballstáit freisin a shainiú an rud is riosca do-ghlactha ó láithreáin éillithe ann bunaithe ar eolas eolaíoch atá ann cheana, prionsabal an réamhchúraim, sainiúlachtaí áitiúla, agus úsáid talún reatha agus [...] **bheartaithe**.

**(46c)** Chun na rioscaí a bhaineann le láithreáin éillithe a laghdú go leibhéal inghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol, ba cheart do na Ballstáit [...] **a áirithiú go ndéantar** bearta laghdaithe riosca leormhaithe, lena n-áirítear feabhsúchán. Ba cheart do na **[...] bearta laghdaithe riosca optamacha** a bheith inbhuanaithe agus ba cheart iad a roghnú trí phróiseas cinnteoireachta cothromaithe ina gcuirtear san áireamh na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta. **Braitheann rogha na teicníce nó an bhirt ar mheascán critéar, mar shampla, cineál na n-éilleán, saintréithe na hithreach, méid an éillithe, an t-am agus an spás atá ar fáil, srianta buiséadacha, cuspóirí feabhsúcháin, úsáid talún reatha agus bheartaithe, an acmhainneacht sláinte ithreach a fheabhsú, trácht ar bhóithre, cur isteach ar an gcomharsanacht, oibriú reatha na ngníomhaíochtaí, etc. Ós rud é go ndírítear le feabhsú ithreach ar an riosca a bhaineann le héilliú ithreach do shláinte an duine nó don chomhshaol a bhaint, d'fhéadfadh sé nach gcuirfí feabhas leis ar thuairisceoirí eile maidir le sláinte ithreach. Is féidir le teicnící feabhsúcháin áirithe tionchar diúltach a bheith acu ar shláinte ithreach freisin. Dá bhrí sin, ba cheart buntáistí agus míbhuntáistí uile na dteicnící feabhsúcháin a chur san áireamh.** Ba cheart é a bheith indéanta bearta arna ndéanamh faoi reachtaíocht eile an Aontais a cháiliú mar bhearta laghdaithe riosca faoin Treoir seo i gcás ina laghdaíonn na bearta sin go héifeachtach rioscaí ó láithreáin éillithe.

**(46d)** I ndáil le bainistiú láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe, ba cheart an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, prionsabal an réamhchúraim agus prionsabal na comhréireachta a urramú. **Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit an truaillitheoir a shainaithint agus ba cheart dóibh ordlathas nó slabhra cinnteoireachta maidir le freagracht a bhunú, chun a chinneadh cé ar cheart dó costas an imscrúdaithe ithreach, an mheasúnaithe riosca agus na mbeart laghdaithe riosca a sheasamh. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh idirdhealú breise a dhéanamh idir láithreáin a bhí éillithe go stairiúil agus láithreáin nua-éillithe agus cur chuige níos déine a úsáid i leith éilliú a tharlaíonn tar éis dáta trialach áirithe. I gcás láithreáin éillithe nach féidir aon pháirtí cuntasach a shainaithint ná a thabhairt chun cuntais ina leith, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ionstraimí airgeadais agus cláir airgeadais an Aontais a úsáid chun na hoibleagáidí maidir le himscrúdú agus feabhsú ithreach a chomhlíonadh.**

**(46e) Cuimsítear éilliú ithreach cheana féin faoi reachtaíocht ábhartha Eorpach atá ann cheana, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha nó [...] i dTreoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas. Tá rialacha na Treorach seo gan dochar do na ceanglais faoin reachtaíocht Eorpach ábhartha atá ann cheana.**

**(46f) Imscrúduithe ithreach, measúnuithe riosca nó bearta laghdaithe riosca a rinneadh ar láithreáin a bhí i mbaol a bheith éillithe nó ar láithreáin éillithe roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart a mheas gurb iomchuí iad chun na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh ar na láithreáin sin.**

(47) Ba cheart a chur san áireamh freisin i mbearta arna ndéanamh de bhun na Treorach seo cuspóirí beartais eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na cuspóirí a shaothraítear le [Rialachán (AE) xxxx/xxxx[45]] darb aidhm soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú do thionscal na hEorpa.

[45] + Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 atá i ndoiciméad COM(2023)160 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

(48) Tá an trédhearcacht ina comhpháirt fhíor-riachtanach den bheartas ithreach agus áirithítear léi cuntasacht agus feasacht phoiblí, dálaí margaidh cothroma agus faireachán ar an dul chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta de láithreáin éillithe agus láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeidh faisnéis láithreán-sonrach ar cheart di a bheith inrochtana don phobal i mbunachar sonraí spásúlachta geothagartha ar líne. **I gcás ina mbunaítear cláir ar an leibhéal fonáisiúnta, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh do phointe iontrála náisiúnta comhordaithe chuig na cláir fhonáisiúnta éagsúla, le suíomh gréasáin láraithe náisiúnta le naisc ghréasáin, mar shampla.** Ba cheart faisnéis a bheith sa chlár ar gá í go mbeadh an pobal ar an eolas maidir le láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe a bheith ann agus iad a bhainistiú. Mar gheall nach bhfuil sé deimhnithe go fóill go bhfuil éilliú ithreach ann agus nach bhfuil sé fós ach amhrasta ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe, is gá an difríocht idir láithreáin éillithe agus láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a chur in iúl agus a mhíniú go maith don phobal chun imní nach bhfuil gá léi a sheachaint. **Cláir arb ann dóibh cheana tráth theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart a mheas gurb iomchuí iad chun na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh.**

(49) Ceanglaítear le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ar na Ballstáit leigheasanna a chur ar fáil atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Anuas air sin, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil[46] (Coinbhinsiún Aarhus), ba cheart rochtain ar cheartas a bheith ag baill an phobail lena mbaineann chun cur le cosaint an chirt chun cónaí i dtimpeallacht atá leordhóthanach do shláinte agus do dhea-bhail an duine.

---

**46** An Coinbhinsiúin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, – Dearbhú, (IO L 124, 17.5.2005).

**(49a) Mar a shoiléirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[47], ní fhéadfaidh na Ballstáit an seasamh dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás poiblí a shrianadh do na ndaoine sin den phobal lena mbaineann a bhí rannpháirteach sa nós imeachta riaracháin roimhe sin chun an cinneadh sin a ghlacadh. Ina theannta sin, ba cheart aon nós imeachta um athbhreithniú a bheith cóir, cothrom agus tráthúil agus níor cheart dó a bheith róchostasach, agus ba cheart foráil a dhéanamh leis do shásraí leormhaithe sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[48], tabharfar rochtain ar cheartas, ar a laghad, don phobal lena mbaineann.**

47 **Cás C–826/18, Breithiúnas ón gCúirt (an Chéad Dlísheomra) an 14 Eanáir 2021; LB agus Eile v College van burgemeester en wethouders van de gemeente Echt-Susteren; míreanna 58 agus 59.**

48 **Cás C-237/07, Breithiúnas ón gCúirt (an Dara Dlísheomra) an 25 Iúil 2008; Dieter Janecek v Freistaat Bayern,; mír 42; Cás C-404/13, Breithiúnas ón gCúirt (an Dara Dlísheomra) an 19 Samhain 2014; Client Earth v an Státrúnaí Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe; mír 56; Cás C–723/17, Breithiúnas ón gCúirt (an Chéad Dlísheomra) an 26 Meitheamh 2019; Craeynest and Others; mír 56; Cás C-752/18, Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 19 Nollaig 2019, Deutsche Umwelthilfe eV v Freistaat Bayern, mír 56.**

(50) Sainordaítear i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] scaoileadh sonraí na hearnála poiblí i bhformáidí saor in aisce agus oscailte. Is é an cuspóir foriomlán leanúint le neartú gheilleagar sonraíbhunaithe an Aontais Eorpaigh trí chur leis an méid sonraí ón earnáil phoiblí atá ar fáil lena n-athúsáid, iomaíocht chóir agus rochtain éasca ar fhaisnéis ón earnáil phoiblí, agus feabhas a chur ar an nuálaíocht trasteorann bunaithe ar shonraí. Is é an príomhphrionsabal gur cheart go mbeadh sonraí rialtais oscailte trí réamhshocrú agus dearadh. Tá Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] dírithe ar rochtain a ráthú ar fhaisnéis ar an gcomhshaol sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus. Le Coinbhinsiún Aarhus agus Treoir 2003/4/CE cuimsítear oibleagáidí leathana a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil, arna hiarraidh sin, agus le faisnéis den sórt sin a scaipeadh ar bhealach gníomhach. **Soláthraítear le Treoir 2003/04/CE liosta srianta de dhíolúintí ó scaipeadh nó nochtadh faisnéise comhshaoil, agus aird á tabhairt ar leas an phobail a bhfreastalaítear air tríd an scaipeadh, i gcás ina ndéanfadh scaipeadh nó nochtadh na faisnéise dochar do leasanna áirithe, an tslándáil phoiblí nó an chosaint náisiúnta, mar shampla; rúndacht faisnéise tráchtála nó tionsclaíche, i gcás ina bhforáiltear don rúndacht sin le dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais chun leas eacnamaíoch dlisteanach a chosaint, lena n-áirítear leas an phobail maidir le rúndacht staidrimh agus sicréideacht chánach; rúndacht sonraí pearsanta agus/nó comhaid a bhaineann le duine nádúrtha i gcás nár thug an duine sin a thoiliú go nochtfar an fhaisnéis don phobal, i gcás ina bhforáiltear don rúndacht sin sa dlí náisiúnta nó i ndlí an Aontais.** Tá raon feidhme leathan freisin le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], agus cuimsítear léi faisnéis spásúil a chomhroinnt, lena n-áirítear tacair sonraí maidir le hábhair éagsúla chomhshaoil. Tá sé tábhachtach go ndéanann forálacha na Treorach seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socruithe malartaithe sonraí na Treoracha sin a chomhlánú agus nach gcruthóidh siad córas dlí ar leith. Níor cheart, dá bhrí sin, gur dhochar forálacha na Treorach seo maidir le faisnéis don phobal agus faisnéis faoin bhfaireachán ar chur chun feidhme do Threoracha (AE) 2019/1024, 2003/4/CE agus 2007/2/CE.

---

**49** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

**50** Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

**51** Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

**(50a) Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí ar chumas na mBallstát le forálacha na Treorach seo a bhaineann le socruithe comhroinnte sonraí na bonneagair sonraí atá ann cheana agus a bunaíodh de bhun Threoracha (AE) 2019/1024 agus 2007/2/CE a athúsáid chun malartú éifeachtach tráthúil faisnéise a áirithiú. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit agus an Coimisiún úsáid a bhaint as uirlisí ar nós REPORTNET atá á bhainistiú ag EEA. Leis an gcur chuige sin, cloítear le prionsabal na haonuaire agus ní chuirtear ualach breise ar na Ballstáit bonneagar atá dírithe ar shonraí a chur ar bun faoin Treoir seo.**

(51) Chun a áirithiú go ndéanfar an t-oiriúnú is gá ar na rialacha maidir le faireachán ar ithir shláintiúil, bainistiú inbhuanaithe ithreach agus bainistiú ar láithreáin éillithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Treoir seo a leasú chun oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch na modheolaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar ithir shláintiúil, [...] an liosta táscach um bearta laghdaithe riosca **agus** na céimeanna agus na ceanglais maidir leis an measúnú láithreán-sonrach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[52]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

52 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

(52) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an fhormáid, struchtúr agus socruithe mionsonraithe a leagan amach chun sonraí agus faisnéis a thuairisciú go leictreonach chuig an gCoimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53].

**(52a) Chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir seo, ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh do dhoiciméid agus uirlisí eolaíocha lena ndéantar modheolaíochtaí agus nósanna imeachta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm a anailísiú, a shintéisiú agus a dhoiciméadú ar bhealach éifeachtúil comhordaithe. Leis na doiciméid neamhcheangailteacha agus na huirlisí eolaíocha sin, sholáthrófaí faisnéis fhíor-riachtanach do na Ballstáit in am trátha, agus d'áiritheofaí an tsolúbthacht leanúint d'úsáid a bhaint as modheolaíochtaí agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm cheana féin. Ba cheart na doiciméid agus na huirlisí eolaíocha a bhunú i gcomhar leis na Ballstáit. Ba cheart na doiciméid agus na huirlisí eolaíocha sin a chomhlánú leis an gcúnamh agus an fothú acmhainneachta is gá.**

---

53 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**(52b) Sa bhreis ar na doiciméid agus na huirlisí eolaíocha, ba cheart don Choimisiún malartú rialta faisnéise, taithí agus dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a eagrú. D'fhéadfaí an úsáid a bhaint as an bhfóram sin, sa bhreis ar chur chun feidhme praiticiúil na Treorach seo, chun plé a dhéanamh, mar shampla, ar úsáid córas soilse tráchta chun torthaí na measúnuithe ar shláinte ithreach a chur in iúl don phobal; bainistiú inbhuanaithe éillithe ithreach seachas éilliú ag poncfhoinse antrapaigineach; ordlathas na freagrachta a chur i bhfeidhm lena sainítear an páirtí nó na páirtithe atá freagrach as láithreáin éillithe a bhainistiú; bainistiú láithreán dílleachtach; teicnící feabhsúcháin le haghaidh láithreáin éillithe; leibhéil chúlra nádúrtha agus antrapaigineacha a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu; cuir chuige éagsúla chun limistéir a shainaithint i gcás nach bhfuil critéir aonair maidir le riocht sláintiúil ithreach á gcomhlíonadh; na cleachtais maidir le córas bainistíochta cáilíochta do shaotharlanna; prionsabail an tséalaithe ithreach agus an mhaolaithe ar scriosadh ithreach.**

(53) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo, **7 mbliana go leith** [...] tar éis di a theacht i bhfeidhm ar bhonn torthaí na meastóireachta ar shláinte ithreach. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht go háirithe ar an ngá le ceanglais níos sonraí a leagan amach chun a áirithiú [...] go ndéanfar athghiniúint ar ithreacha **díghrádaithe** agus go mbainfear amach an cuspóir chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht freisin ar an ngá chun sainiú ithreacha sláintiúla a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí fhorálacha a chur leis maidir le tuairisceoirí nó critéir áirithe bunaithe ar fhianaise eolaíoch nua a bhaineann le cosaint ithreacha nó ar fhorais fadhb atá sonrach do Bhallstát ag eascairt as cúinsí nua comhshaoil nó aeráide. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

(54) Tá gá le bearta comhordaithe ag gach Ballstát chun an fhís a bhaint amach go mbeadh na hithreacha uile sláintiúil faoi 2050 agus chun soláthar éicisheirbhísí ag ithreacha a dhaingniú ar fud an Aontais san fhadtéarma. Tá sé feicthe go bhfuil gníomhaíochtaí aonair Ballstát neamh-leordhóthanach ó tharla go bhfuil díghrádú ithreach fós ag tarlú agus ag **méadú** fiú [...]. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr fairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(55) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[54], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí leis na doiciméid sin a tharchur.

[54] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## Caibidil I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Cuspóir agus Ábhar**

1. Is é is cuspóir don Treoir seo creat faireacháin láidir comhleanúnach a chur i bhfeidhm le haghaidh na n-ithreacha uile ar fud an **Aontais** [...]**,** chun sláinte ithreach a fheabhsú go leanúnach san Aontas, **ithreacha sláintiúla a choinneáil i riocht sláintiúil agus gach gné den díghrádú ithreach a ghleic,** d'fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050**,** [...] ionas gur féidir leo éicisheirbhísí líonmhara a sholáthar ar scála atá leordhóthanach chun riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha a chomhlíonadh, tionchair an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha agus le haghaidh slándáil bia a mhéadú agus go laghdófar éilliú ithreach go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine agus don chomhshaol.

2. Leis an Treoir seo, leagtar síos **creat agus** bearta maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) faireachán agus measúnú ar shláinte ithreach;

   (b) bainistiú ithreach inbhuanaithe;

   (c) **bainistiú** láithreán éillithe.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na hithreacha uile i gcríoch na mBallstát.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'ithir' brat uachtair an domhain atá suite idir an bhuncharraig **nó an máthairábhar** agus an dromchla talún, arb éard atá ann cáithníní mianraí, ábhar orgánach, uisce, aer agus orgánaigh bheo;

(2) ciallaíonn 'éiceachóras' coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe agus miocrorgánach agus a dtimpeallacht neamhbheo agus iad ag idirghníomhú mar aonad feidhmiúil;

(3) ciallaíonn 'éicisheirbhísí' a mhéid a chuireann éiceachórais go **díreach nó** go hindíreach le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus eile a bhaineann daoine as na héiceachórais sin;

(4) ciallaíonn 'sláinte ithreach' riocht fisiciúil, ceimiceach agus bitheolaíoch na hithreach lena gcinntear a hacmhainneacht chun feidhmiú mar chóras beo ríthábhachtach agus chun éicisheirbhísí a sholáthar;

(5) ciallaíonn 'bainistiú ithreach inbhuanaithe' cleachtais um bainistiú ithreach a chothaíonn nó a bhreisíonn na héicisheirbhísí a sholáthraíonn an ithir gan bac a chur ar na feidhmeanna **ithreach** lena gcumasaítear na seirbhísí sin, nó gan díobháil **shuntasach** a dhéanamh d'airíonna eile an chomhshaoil;

(6) ciallaíonn 'cleachtais um bainistiú ithreach' cleachtais a mbíonn tionchar acu ar **airíonna** [...] fisiciúla, ceimiceacha nó bitheolaíocha ithreach;

(7) ciallaíonn 'ithreacha bainistithe' ithreacha ina ndéantar cleachtais um bainistíocht ithreach;

(8) ciallaíonn ‘ceantar ithreach’ an chuid de chríoch Ballstáit, mar a theorannaíonn an Ballstát sin i gcomhréir leis an Treoir seo;

**(8a) ciallaíonn ‘aonad ithreach’ limistéar atá scoite ó thaobh spáis de laistigh de cheantar ithreach de thoradh trasnaithe sonraí spásúla a úsáidtear mar chritéir maidir le haonchineálacht staidrimh laistigh den cheantar ithreach sin;**

(9) ciallaíonn ‘measúnú ar shláinte ithreach’ an mheastóireacht ar shláinte na hithreach bunaithe ar thomhas nó meastachán na dtuairisceoirí ithreach;

**(9a) ciallaíonn ‘tuairisceoir ithreach’ paraiméadar lena dtugtar tuairisc ar shaintréith fhisiciúil, cheimiceach, nó bhitheolaíoch den tsláinte ithreach;**

**(9b) ciallaíonn ‘láithreán a d’fhéadfadh a bheith éillithe’ limistéar marcáilte ina meastar, agus fianaise ábhartha ina bonn taca láidir leis, go bhfuil éilliú ithreach nó éilliú buncharraige nó máthairábhair ann de thoradh gníomhaíochtaí antrapaigineacha poncfhoinse;**

(10) ciallaíonn ‘láithreán éillithe’ limistéar marcáilte [...] ina bhfuil **éilliú ithreach deimhnithe nó éilliú buncharraige nó máthairábhair de bharr gníomhaíochtaí antrapaigineacha ag foinse an phointe** [...];

[...]

(12) ciallaíonn ‘talamh’ dromchla an domhain nach gcumhdaítear **go rialta** le **dobharlaigh**;

(13) ciallaíonn ‘cumhdach talún’ cumhdach fisiciúil agus bitheolaíochta de dhromchla an domhain;

(14) **ciallaíonn 'ithir neamhshéalaithe' limistéar ithreach nach dtagann faoin sainmhíniú ar ithir shéalaithe** [...];

(15) **ciallaíonn 'séalú ithreach' ithreacha a chumhdach le foirgnimh, tógáil agus sraitheanna** d'ábhar **atá neamhscagach go hiomlán nó go páirteach** [...];

(16) **ciallaíonn 'ithir shéalaithe' limistéar ithreach a chuaigh faoi shéalú ithreach** [...];

(17) **ciallaíonn 'scriosadh ithreach' ithreacha a bhaint go sealadach nó go fadtéarmach** [...];

**(17a) ciallaíonn 'ithir scriosta' limistéar ithreach a chuaigh faoi scriosadh ithreach;**

**(17b) ciallaíonn 'díshéalú' ithir shéalaithe a thiontú ina hithir neamhshéalaithe;**

(18) ciallaíonn 'feidhm tarchuir córais' riail mhatamaiticiúil a cheadaíonn luach tomhais a thiontú, arna ndéanamh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá éagsúil le modh tagartha, ina luach a gheofaí tríd an tomhas ithreach a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an modh tagartha;

(19) ciallaíonn 'pobal lena mbaineann' an pobal a ndéanann nó ar dócha go ndéanfaidh díghrádú ithreach difear dó, nó a bhfuil leas aige sna nósanna imeachta cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear úinéirí talún agus úsáideoirí talún, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta.

(20) ciallaíonn 'éilliú ithreach' láithreacht [...] substainte san ithir [...] **ag leibhéal** a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó don chomhshaol;

(21) ciallaíonn 'éilleán' substaint a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le héilliú ithreach **nó le héilliú buncharraige nó máthairábhair;**

(22) ciallaíonn 'athghiniúint **ithreach**' gníomhaíocht d'aon ghnó dírithe ar ithir a chúlú ó riocht díghrádaithe go riocht sláintiúil;

**(22a) ciallaíonn 'athnádúrú ithreach' ithreacha scriosta a athchóiriú nó a atógáil d'fhonn acmhainneacht ithreacha éicisheirbhísí a sholáthar a aisghabháil;**

(23) ciallaíonn 'riosca' an [...] **dóchúlacht** go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol de thoradh teagmháil le héilliú ithreach **nó le héilliú buncharraige nó máthairábhair**;

(24) ciallaíonn 'imscrúdú ithreach' próiseas **is féidir a dhéanamh i gcéimeanna iomadúla atriallacha** chun measúnú a dhéanamh ar láithreacht agus [...] **leibhéal** na n-éilleán san ithir**, sa bhuncharraig nó sa mháthairábhar agus, más ábhartha, chun a mhéad atá láithreán éillithe a léiriú agus a shonrú agus, más ábhartha, chun na rioscaí láithreán-sonrach a ghabhann leis an láithreán éillithe do shláinte an duine nó don chomhshaol a mheas** [...];

[...]

(26) ciallaíonn 'feabhsú ithreach' [...] **tacar gníomhaíochtaí** lena laghdaítear nó lena n-aonraítear éilleáin [...] san ithir**, sa bhuncharraig nó sa mháthairábhar** nó lena gcuirtear srian orthu**;**

**(27) ciallaíonn 'bearta laghdaithe riosca' bearta lena ndírítear ar na rioscaí a ghabhann le láithreáin éillithe do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú tríd an nascáil idir an chonair fhoinseach agus na gabhdóirí a mhodhnú gan saintréithe an éillithe féin a athrú nó trí fheabhsú ithreach.**

*Airteagal 4*

**Ceantair ithreach agus aonaid ithreach**

1. Bunóidh na Ballstáit**, chun críoch riaracháin,** [...] ar fud a gcríche**, ceantar ithreach amháin nó níos mó faoi fhreagracht údaráis inniúil amháin nó níos mó arna n-ainmniú de bhun Airteagal 5.**

[...]

2. **Bunóidh na Ballstáit aonaid ithreach freisin lena gcumhdófar a gcríoch iomlán chun faireachán a dhéanamh ar dhearadh agus tuairisciú shláinte ithreach ag a bhfuil leibhéal áirithe éiginnteachta laistigh den aonad ithreach sin,** [...] agus an méid seo a leanas **á** chur san áireamh [...]:

   (a) **méid geografach na gceantar ithreach arna mbunú de bhun na chéad mhíre den Airteagal seo [...]**[55]**;**

   (b) <u>**an cineál ithreach mar a shainítear i léarscáil réigiúin ithreach an Aontais Eorpaigh agus a Thíortha Comharsanachta**</u>[56]<u>**;**</u>

---

**55** […]

56 **'Réigiúin Ithreach an Aontais Eorpaigh agus a Thíortha Comharsanachta 1:5,000,000', 2005, arna rochtain an 2024-03-07, http://data.europa.eu/88u/dataset/ae71ffee-1ae9-4624-ae3f-f49513fe9dcb**

**(c) na catagóirí úsáide talún, cé is moite de dhobharlaigh, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[57] [...];

[...][58] [...][59]

[...]

**Féadfaidh na Ballstáit sonraí coibhéiseacha níos mionsonraithe nó níos nuashonraithe a úsáid nuair atá siad ar fáil ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta nó fonáisiúnta chun a n-aonaid ithreach a bhunú.**

**Féadfaidh na Ballstáit sonraí spásúla breise a chur san áireamh chun a n-aonaid ithreach a bhunú, mar shampla an aeráid, crios comhshaoil mar a thuairiscítear i dTuarascáil Alterra 2281**[60]**, nó abhantracha.**

*Airteagal 5*

**Údaráis inniúla**

Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla atá freagrach ar leibhéal atá iomchuí chun na dualgais a leagtar síos sa Treoir seo a dhéanamh.

[...]

---

**57** Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE

**58** […]

**59** […]

**60** **M.J. Metzger, A.D. Shkaruba, R.H.G. Jongman agus R.G.H. Bunce, *Descriptions of the European Environmental Zones and Strata*, *Alterra Report* [Tuairiscí ar na Limistéir agus Strataim Chomhshaoil Eorpacha, Tuarascáil Alterra] 2281 ISSN 1566-7197.**

## Caibidil II

## Faireachán agus measúnú ar shláinte ithreach

*Airteagal 6*

### Sláinte ithreach agus [...] séalú ithreach agus creat faireacháin um scriosadh ithreach

1. Bunóidh na Ballstáit creat faireacháin **ar an leibhéal is iomchuí do na tuairisceoirí ithreach agus do na táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach** [...] chun a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta**, comhleanúnach** agus cruinn ar shláinte ithreach **agus séalú ithreach agus scriosadh ithreach** i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinní I agus II.

   **Más gá, féadfaidh na Ballstáit a gcreat faireacháin a oiriúnú dá réigiúin is forimeallaí chun a saintréithe sonracha a chur san áireamh.**

2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar shláinte ithreach **i ngach aonad ithreach laistigh de cheantar ithreach** agus [...] **séalú ithreach agus scriosadh ithreach** i ngach ceantar ithreach.

3. Bunófar an creat faireacháin ar an méid a leanas:

   (a) na tuairisceoirí ithreach agus [...] na critéir **maidir le riocht sláintiúil ithreach** dá dtagraítear in Airteagal 7;

   (b) na pointí samplála ithreach atá le cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8(**1**[...] );

   (c) na tomha**i**s ithreach **atá** le déanamh ag na **Ballstáit agus, más ann dóibh, ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus 8(2a)** [...]**;**

   (d) na sonraí agus táirgí cianbhraiteachta dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, más ann dóibh;

   (e) na [...] táscairí séalaithe ithreach **agus scriosta ithreach** dá dtagraítear in Airteagal 7(1).

[...]

5. Déanfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) sonraí spás-bhunaithe atá ann cheana agus táirgí arna seachadadh faoi chomhchuid Copernicus de Chlár Spáis an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 a ghiaráil**, i gcomhar leis na Ballstáit,** chun táirgí um chianbhraiteacht ithreach a fhiosrú agus a fhorbairt, chun **na sonraí is gá maidir le táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach a sholáthar do na Ballstáit agus chun** tacú leis na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na tuairisceoirí ithreach ábhartha.

6. Bunóidh an Coimisiún agus EEA, ar bhonn sonraí atá ann cheana agus laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach a sholáthróidh rochtain i bhformáid spásúlachta gheothagartha ar na sonraí um shláinte ithreach atá ar fáil ar a laghad, ar sonraí iad **arna gcomhiomlánú ar leibhéal an aonaid ithreach nó ar leibhéal níos mionsonraithe**, de thoradh an mhéid seo a leanas:

(a) na tomhais ithreach dá dtagraítear in Airteagal 8(2) **agus (2a)**;

[...]

(c) na sonraí agus táirgí cianbhraiteachta ithreach ábhartha dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

**Déanfar na sonraí sin a láimhseáil chomh maith lena rochtain i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais.**

**6a. Áiritheoidh an Coimisiún agus EEA go dtabharfar an deis do na Ballstáit, ar bhealach luath, tráthúil agus éifeachtach, a dtuairim a chur in iúl agus ceartú earráidí a iarraidh, más ann dóibh, sula gcuirfear sonraí maidir le sláinte ithreach ar fáil go poiblí tríd an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach dá dtagraítear i mír 6. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le haon tuarascáil eile bunaithe ar an gcreat faireacháin a bhunaítear faoin Treoir seo.**

7. Féadfaidh an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach dá dtagraítear i mír 6 rochtain a thabhairt freisin ar shonraí a bhaineann le sláinte ithreach seachas na sonraí dá dtagraítear sa mhír sin má comhroinneadh nó má bailíodh na sonraí sin i gcomhréir leis na formáidí nó na modhanna arna mbunú ag an gCoimisiún de bhun mhír 8.

**7a. Ní sholáthrófar leis an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach dá dtagraítear i mír 6 rochtain ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a ndéanfadh a nochtadh dochar don tslándáil phoiblí nó don chosaint náisiúnta.**

8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun formáidí nó modhanna a bhunú chun na sonraí dá dtagraítear san [...] **Airteagal seo** a chomhroinnt nó a bhailiú nó chun na sonraí sin a chomhtháthú sa tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21.

*Airteagal 7*

**Tuairisceoirí ithreach, critéir maidir le riocht ithreach sláintiúil, agus [...] táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach**

1. Agus faireachán agus measúnú á ndéanamh ar shláinte ithreach, cuirfidh na Ballstáit na tuairisceoirí ithreach [...] a liostaítear i g**Codanna A, B agus C** d'Iarscríbhinn I i bhfeidhm.

   Agus faireachán á dhéanamh [...] ar **shéalú ithreach agus ar scriosadh ithreach,** cuirfidh na Ballstáit na [...] táscairí séalaithe ithreach **agus scriosta ithreach** [...] **a liostaítear** i g**Cuid D** d'Iarscríbhinn I i bhfeidhm.

2. **Agus measúnú á dhéanamh ar shláinte ithreach, úsáidfidh na Ballstáit critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach. Is éard a bheidh sna critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach:**

   **(a) spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I; agus**
   **(b) truicearluachanna oibríochtúla.**

[...]

3. **Socr**óidh [...] na Ballstáit na héilleáin orgánacha don tuairisceoir ithreach a bhaineann le héilliú ithreach dá dtagraítear i g**C**uid B d'Iarscríbhinn I**. Chun na críche sin**, **féadfaidh na Ballstáit an liosta faire táscach dá dtagraítear i mír 5a a chur san áireamh.**

4. Socróidh na Ballstáit **na spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha** le haghaidh na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i g**C**uid B d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa tríú colún i g**C**uid B d'Iarscríbhinn I.

**4a. Socróidh na Ballstáit truicearluach oibríochtúil amháin nó níos mó le haghaidh gach tuairisceora ithreach a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I, lena léirítear leibhéil díghrádaithe ithreach a bhfuil gá le bearta ina leith chun sláinte ithreach a fheabhsú i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den Treoir seo.**

**Féadfaidh na Ballstáit an truicearluach oibríochtúil le haghaidh díghrádú ithreach amháin nó níos mó a shocrú ar an leibhéal céanna leis an spriocluach inbhuanaithe neamhcheangailteach le haghaidh na ndíghráduithe ithreach sin.**

5. Féadfaidh na Ballstáit tuairisceoirí breise ithreach agus [...] táscairí séalaithe ithreach agus scriosta **ithreach** a shocrú [...] **nach** liostaítear in [...] Iarscríbhinn I [...].

**5a. Laistigh de *(Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach)*, bunóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, liosta faire táscach d'éilleáin ithreach, a d'fhéadfadh difear mór a dhéanamh do shláinte na hithreach, do shláinte an duine nó don chomhshaol, agus tabharfaidh sé an liosta cothrom le dáta de réir an eolais eolaíoch is déanaí. Féadfaidh na Ballstáit a dtuairisceoir éillithe ithreach a oiriúnú dá réir sin.**

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas nuair a shocraítear nó nuair a oiriúnaítear tuairisceoirí ithreach, [...] táscairí **séalaithe ithreach agus scriosta ithreach** agus [...] critéir **maidir le riocht sláintiúil ithreach** i gcomhréir le míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

*Airteagal 8*

**Tomhais agus modheolaíochtaí**

1. Cinnfidh na Ballstáit pointí samplála tríd an modheolaíocht a leagtar amach i g**C**uid A.**1** d'Iarscríbhinn II a chur i bhfeidhm.

**Soláthróidh an Coimisiún do na Ballstáit léarscáileanna ábhartha de thuairisceoirí ithreach, an sampla tionscnaimh tosaigh agus na sonraí ábhartha atá nasctha le pointí samplála arna mbailiú faoi shuirbhéanna ithreach Eorpaí roimhe seo chun an mhodheolaíocht a leagtar amach i gCuid A.1 d'Iarscríbhinn II a chur i bhfeidhm.**

**1a. Tar éis do na Ballstáit na pointí samplála a chinneadh agus roimh an suirbhé samplála, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon ghá a d'fhéadfadh a bheith le tacaíocht ó thaobh sampláil allamuigh agus anailísí ithreach de chomh maith le haon ghá eile a bhaineann leis an suirbhé samplála.**

**Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na riachtanais agus socróidh sé an leibhéal iomchuí tacaíochta i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann.**

**I gcás tacaíocht ón gCoimisiún, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an suirbhé samplála a oiriúnú dá réir sin agus cumhdófar an eagraíocht phraiticiúil idir an Coimisiún agus údarás inniúil an Bhallstáit le comhaontú i scríbhinn. I gcás tacaíocht don suirbhé allamuigh, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann gur féidir leis an gCoimisiún sampláil ithreach *in situ* a dhéanamh.**

2. Déanfaidh na Ballstáit, **agus, i gcás tacaíocht ón gCoimisiún agus i gcomhréir leis an gcomhaontú i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1(a), fomhír 3, an Coimisiún** tomhais ithreach trí shamplaí ithreach a thógáil ag na pointí samplála dá dtagraítear i mír 1 agus déanfaidh siad sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú **de réir mar is ábhartha** chun an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) luachanna na dtáscairí ithreach **a liostaítear** in Iarscríbhinn I;

(b) i gcás inarb ábhartha, luachanna na dtuairisceoirí ithreach breise;

[...]

**Tá na Ballstáit díolmhaithe ó shamplaí ithreach a thógáil ó ithreacha séalaithe agus scriosta.**

**Maidir leis an ngné de shalannú an dhíghrádaithe ithreach a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I, féadfaidh na Ballstáit na limistéir nach bhfuil i mbaol salannaithe a eisiamh ó sheoltacht leictreach a thomhas agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin.**

**Déanfar an tsampláil ithreach *in situ* i gcomhréir leis na híoschritéir maidir le modheolaíocht an tsuirbhé shamplaigh allamuigh a shainítear i gCuid A.2 d'Iarscríbhinn II.**

**2a. Ar choinníoll gur bailíodh na sonraí le linn na tréimhse céanna leis an suirbhé samplála agus de réir na modheolaíochtaí dá dtagraítear i gCuid A.2 agus i gCuid B d'Iarscríbhinn II, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na tomhais ithreach a dhéanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 2, i gcás inarb ábhartha:**

**(i) Ballstáit i gcomhréir le líonraí agus suirbhéanna náisiúnta nó fonáisiúnta um fhaireachán ithreach atá ann cheana;**

**(ii)** **Ballstáit faoi reachtaíocht an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta;**

**(iii)** **gníomhaithe príobháideacha, eagraíochtaí taighde agus páirtithe eile, i gcás ina mbeidh siad ar fáil.**

**Don chéad timthriall de thomhais ithreach atá le déanamh i gcomhréir le mír 4, tosóidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an ... (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = aon bhliain amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm na Treorach).**

**2b.** **Déanfaidh na Ballstáit sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú chun luachanna na dtáscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn I a chinneadh.**

3. Cuirfidh na Ballstáit an méid a leanas i bhfeidhm:

(a) na modheolaíochtaí chun luachanna na dtuairisceoirí ithreach a leagtar amach i g**C**uid B d'Iarscríbhinn II a chinneadh nó a mheas;

(b) na híoschritéir mhodheolaíochta chun luachanna na [...] dtáscairí séalaithe ithreach **agus scriosta ithreach** a leagtar amach i g**C**uid C d'Iarscríbhinn II a chinneadh;

(c) aon cheanglas a leagann an Coimisiún síos i gcomhréir le mír 6.

Féadfaidh na Ballstáit modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm seachas na modheolaíochtaí a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), ar choinníoll go bhfuil na feidhmeanna tarchuir córais bailíochtaithe **curtha** ar fáil, mar a cheanglaítear in Iarscríbhinn II, **C**uid B, an ceathrú colún.

3a. **Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh saotharlanna, nó páirtithe atá ar conradh ag saotharlanna, a dhéanann na tomhais ithreach cleachtais an chórais bainistithe cáilíochta i bhfeidhm i gcomhréir le EN ISO/IEC-17025 nó le caighdeáin choibhéiseacha eile a nglactar leo ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus go mbeidh rochtain acu ar fhoireann chuícháilithe a bhfuil oiliúint leordhóthanach orthu agus ar an mbonneagar, ar an trealamh agus ar na táirgí is gá chun na tomhais ithreach sin a dhéanamh.**

**Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht le cleachtais an chórais bainistíochta cáilíochta, féadfaidh na Ballstáit a mheas gur leor creidiúnú amháin le haghaidh ceann amháin de na modheolaíochtaí a úsáidtear chun luachanna na dtuairisceoirí ithreach a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a chinneadh.**

**Áiritheoidh na Ballstáit go léireoidh saotharlanna, nó páirtithe atá ar conradh ag saotharlanna, a dhéanann na tomhais ithreach a n-inniúlachtaí maidir le hanailís a dhéanamh ar thomhais ábhartha tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) rannpháirtíocht i gcláir tástála inniúlachta lena gcumhdófar na modhanna anailíse ar leibhéil tiúchana atá ionadaíoch do chláir faireacháin ithreach, má tá fáil orthu;**

**(b) anailís ar ábhair thagartha atá ionadaíoch ar shamplaí a bailíodh ina bhfuil leibhéil iomchuí tiúchana, má tá fáil orthu.**

**I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún tomhais ithreach i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh feidhm ag an mír seo maidir leis an gCoimisiún.**

4. Áiritheoidh na Ballstáit **agus, i gcás tacaíocht ón gCoimisiún, an Coimisiún** go ndéanfar na chéad tomhais ithreach ar a dhéanaí faoi... *(Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...]* ***5*** *bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo).*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar tomhais ithreach nua [...] gach [...] **6** bliana **laistigh d'aon fheachtas samplála amháin nó mar chuid de scéim samplála leanúnaí le linn na tréimhse ama sonraithe.**

**De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, roimh fheachtas samplála nua, gan tomhais nua ithreach a dhéanamh le haghaidh tuairisceoir ithreach i gcuid dá [...] gcríoch nó ina gcríoch ar fad má tá sé réasúnta agus má tá údar cuí lena bheith ag dréim leis, bunaithe ar shonraí a bailíodh roimhe sin de bhun Airteagail 6, 7 agus 8, agus ar úsáid fianaise eolaíche, lena n-áirítear samhlacha tuartha ithreach, nach bhfuil forbairt shuntasach tagtha ar luach an tuairisceora ithreach sin ón timthriall deireanach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan moill mhíchuí faoi aon chinneadh mar sin.**

**5a.** Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar cothrom le dáta [...] luach na dtáscairí séalaithe ithreach **agus scriosta ithreach gach 3 bliana** ar a laghad**, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.**

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun **Cuid B** d'Iarscríbhinn II a leasú chun na modheolaíochtaí tagartha a luaitear inti a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, go háirithe i gcás inar féidir luachanna na dtáscairí ithreach a chinneadh leis na **táirgí** cianbhraiteachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5).

*Airteagal 9*

**Measúnuithe ar shláinte ithreach**

1. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an tsláinte ithreach ina gceantair ithreach uile **agus sna haonaid ithreach ghaolmhara** bunaithe ar na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus 8 le haghaidh gach ceann de na tuairisceoirí ithreach [...] **a liostaítear** i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I.

[...]

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar **measúnuithe ar** shláinte ithreach [...] gach [...] **6** bliana agus go ndéanfar an chéad mheasúnú ar shláinte ithreach faoin...
*(Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...]* ***6*** *bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo).*

[...]

2. **Déantar measúnú ar shláinte ithreach i ndáil le gach gné den díghrádú ithreach agus úsáid á baint as an spriocluach inbhuanaithe neamhcheangailteach agus as na truicearluachanna oibríochtúla le haghaidh an chritéir ghaolmhair maidir le riocht sláintiúil ithreach a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 7(2), 7(4) agus 7(4a).**

3. Déanfaidh na Ballstáit anailís ar na luachanna le haghaidh na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i g**C**uid C d'Iarscríbhinn I [...] **d'fhonn a shainaithint** cé acu atá nó nach bhfuil caillteanas criticiúil éicisheirbhísí ann, agus na sonraí ábhartha agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil á gcur san áireamh.

Déanfaidh na Ballstáit anailís ar luachanna [...] na dtáscairí séalaithe ithreach **agus scriosta ithreach** a liostaítear i g**C**uid D d'Iarscríbhinn I [...] **d'fhonn** measúnú a dhéanamh ar chaillteanas éicisheirbhísí agus ar chuspóirí agus spriocanna arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2018/841.

3a. **Féadfaidh na Ballstáit feabhsuithe a shainaithint le haghaidh gach tuairisceora ithreach a liostaítear i gcodanna A, B agus C d'Iarscríbhinn I.**

4. Bunaithe ar na measúnuithe ar shláinte ithreach arna ndéanamh i gcomhréir leis an Airteagal seo, sainaithneoidh na húdaráis inniúla **dá dtagraítear in Airteagal 5**, i gcás inarb ábhartha i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, i ngach ceantar ithreach, na limistéir **nach gcomhlíontar critéir aonair maidir le riocht sláintiúil ithreach iontu agus i gcás ina bhfuil gá le bearta chun sláinte ithreach a fheabhsú [...]** agus chun an pobal a chur ar an eolas, **ar leibhéal comhiomlánaithe**, i gcomhréir le hAirteagal 19.

**Ina theannta sin, chun rannchuidiú le sláinte ithreach a fheabhsú, sainaithneoidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 5, i gcás inarb ábhartha i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, i ngach ceantar ithreach, limistéir na hithreach séalaithe agus scriosta a bhfuil ardacmhainneacht acu sláinte na hithreach a fheabhsú trí dhíshéalú agus athnádúrú. Déanfar measúnú ar acmhainneacht na limistéar ithreach séalaithe agus scriosta bunaithe ar indéantacht theicniúil, ar chostéifeachtúlacht agus ar leibhéal insroichte feabhsaithe shláinte na hithreach.**

[...]

6. **Sa bhreis ar na hoibleagáidí faoi Airteagal 19**, agus arna iarraidh sin do na húinéirí talún agus na bainisteoirí talún ábhartha, cuirfidh na Ballstáit na sonraí agus an measúnú ar shláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagail 6 go 9 in iúl dóibh, go háirithe chun tacú le forbairt na comhairle dá dtagraítear in Airteagal 10(**2**)[...]).

## Caibidil III

## Bainistiú inbhuanaithe ithreach

*Airteagal 10*

### Bainistiú inbhuanaithe ithreach

1. Ón *(Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta =* ***5*** *bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach)*, glacfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas ar a laghad, agus cineál, úsáid agus riocht na hithreach **agus na dálaí geografacha agus aeráide** á gcur san áireamh:

(a) cleachtais um bainistiú inbhuanaithe ithreach a shainiú agus na prionsabail **threoracha** um bainistiú inbhuanaithe ithreach a liostaítear in Iarscríbhinn III [...] **a chur san áireamh**, lena gcur chun feidhme de réir a chéile ar na hithreacha uile a bhainistítear, ar bhonn thoradh na measúnuithe ithreach arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9, cleachtais athghiniúna le cur chun feidhme de réir a chéile [...] sna Ballstáit;

(b) cleachtais um bainistiú ithreach agus cleachtais eile a shainiú ar cleachtais iad a dhéanann dochar do shláinte ithreach agus atá le seachaint ag bainisteoirí ithreach.

Agus na cleachtais [...] dá dtagraítear sa mhír seo á sainiú ag na Ballstáit, cuirfidh siad san áireamh na cláir, na pleananna, na spriocanna agus na bearta a liostaítear in Iarscríbhinn IV mar aon leis an eolas eolaíoch atá ann cheana is déanaí lena n-áirítear torthaí a thagann as **m**isean an chláir Fís Eorpach ‘Comhaontú Ithreach don Eoraip’.

Sainaithneoidh na Ballstáit sineirgí leis na cláir, na pleananna agus na bearta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Beidh na sonraí faireacháin ar shláinte ithreach, torthaí na measúnuithe ar shláinte ithreach, an anailís dá dtagraítear in Airteagal 9 agus [...] na **cleachtais** maidir le bainistiú ithreach inbhuanaithe, mar threoir d’fhorbairt na gclár, na bpleananna agus na mbeart a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Áiritheoidh na Ballstáit gur próiseas oscailte, ionchuimsitheach agus éifeachtach a bheidh i bpróiseas forbartha na gcleachtas dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus go mbeidh an pobal lena mbaineann, go háirithe úinéirí talún agus bainisteoirí, rannpháirteach ann agus go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha dóibh a bheith rannpháirteach san fhorbairt sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éasca ag bainisteoirí ithreach, úinéirí talún agus údaráis ábhartha ar chomhairle neamhchlaonta neamhspleách maidir le bainistiú ithreach inbhuanaithe, ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus ar fhothú acmhainneachta.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas freisin:

(a) feasacht a chur chun cinn maidir leis na tairbhí iomadúla meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaineann le bainistiú ithreach inbhuanaithe agus maidir leis an ngá le hithreacha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe;

(b) taighde agus cur chun feidhme coincheapa iomlánaíocha an bhainistithe ithreach a chur chun cinn;

(c) mapáil a chur ar fáil ar na hionstraimí cistiúcháin atá ar fáil agus ar ghníomhaíochtaí chun tacú le bainistiú ithreach inbhuanaithe a chur chun feidhme, mapáil a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta.

3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú tráthrialta ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad measúnú agus athbhreithniú ar na bearta sin, agus an faireachán agus na measúnu**ithe** ar shláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagail 6 go 9 á gcur san áireamh.

[...]

*Airteagal 11*

**Prionsabail maolaithe tógála talún**

**Gan cur isteach ar neamhspleáchas na mBallstát maidir le pleanáil spásúil**, áiritheoidh na Ballstáit go g**cuirfear** na prionsabail seo a leanas [...] **san áireamh** i gcás [...] **séalú ithreach nua agus scriosadh ithreach mar chuid de thógáil talún, ar an leibhéal spásúil iomchuí laistigh dá gcríoch:**

(a) caillteanas acmhainn na hithreach chun éicisheirbhísí líonmhara a sholáthar, lena n-áirítear táirgeadh bia, a sheachaint nó a laghdú a mhéid [...] is féidir, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) an limistéar ithreach a ndéanann **séalú ithreach agus scriosadh ithreach** [...] difear dó a laghdú**, a mhéid is féidir, go háirithe trí athúsáid agus athrú cuspóra [...] ithreacha séalaithe a spreagadh, mar shampla foirgnimh atá ann cheana,** agus

(ii) limistéir a roghnú ina mbeadh caillteanas éicisheirbhísí [...] **fíorbheag**, **go háirithe ar ithreacha atá díghrádaithe go mór, mar shampla láithreáin athfhorbraíochta,** agus

(iii) [...] **séalú ithreach agus scriosadh ithreach** a dhéanamh ar bhealach a íoslaghdaíonn an tionchar diúltach ar an ithir**, go háirithe trí na hithreacha atá timpeall uirthi a chosaint nó trí shéalú na hithreach a choinneáil chomh hin-aisiompaithe agus is féidir**;

(b) [...] **féachaint le** caillteanas acmhainneacht na hithreach **a fhritháireamh** [...] go pointe réasúnta chun éicisheirbhísí iolracha a sholáthar, **lena n-áirítear seirbhísí a chur ar ais ó athnádúrúchán, trí dhíshéalú ithreacha séalaithe a spreagadh agus trí ithreacha scriosta a atógáil.**

## Caibidil IV

## Bainistiú láithreán éillithe

*Airteagal 12*

**Cur chuige rioscabhunaithe agus céim ar chéim**

1. **Áiritheoidh** na Ballstáit [...] go ndéanfar na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe **a shainaithint, a bhainistiú**, agus go coimeádfar [...] ar leibhéil inghlactha iad, agus tionchair chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha an éillithe ithreach agus na mbeart laghdaithe riosca arna nglacadh de bhun Airteagal 15 [...] 4 á gcur san áireamh. **Féadfar meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí agus úsáid na talún le linn gach céime dá dtagraítear i mír 2 á cur san áireamh.**

   **Bunóidh na Ballstáit ordlathas freagrachta chun an páirtí nó na páirtithe freagracha a chinneadh maidir le pointí (b) agus (c) de mhír 2 don chur chun feidhme láithreán-sonrach.**

2. Faoin (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo), bunóidh na Ballstáit cur chuige rioscabhunaithe **agus céim ar chéim** maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13;

   (b) imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe i gcomhréir le hAirteagal 14;

   (c) an **measúnú riosca láithreán-sonrach agus** bainistiú láithreán éillithe i gcomhréir le hAirteagal 15.

3. Tá an ceanglas a leagtar síos i mír 2 gan dochar do cheanglais níos déine a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais nó as reachtaíocht náisiúnta.

4. Tabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal lena mbaineann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) [...] **barúil a thabhairt ar** bhunú agus ar chur i bhfeidhm nithiúil an chur chuige rioscabhunaithe **agus céim ar chéim** a shainmhínítear san Airteagal seo;

(b) faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13 **agus** chun imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe i gcomhréir le hAirteagal 14[...];

(c) [...] **faisnéis a sholáthar i bhfianaise** cheartú na faisnéise atá i gclár [...] **na** láithreán éillithe agus na láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe i gcomhréir le hAirteagal 16.

*Airteagal 13*

**Láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint**

1. Sainaithneoidh [...] na Ballstáit go córasach [...] **na** láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe.

2. **Chun láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint, leagfaidh na Ballstáit síos liosta de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú. Féadfar na gníomhaíochtaí sin a aicmiú a thuilleadh nó iad a chur in ord tosaíochta de réir a n-ábharthachta go mbeidh éilliú ithreach ann dá ndeasca, bunaithe ar fhianaise eolaíoch.** Agus na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe á sainaithint ag na Ballstáit, cuirfidh siad na critéir seo a leanas san áireamh **i gcás inarb ábhartha**:

(a) oibriú gníomhaíochta gníomhaí nó neamhghníomhaí [...] a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú;

(b) oibriú gníomhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE;

(c) oibriú bunaíochta dá dtagraítear i dTreoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61];

(d) oibriú gníomhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62];

(e) tarlú timpiste, tubaiste, teagmhais nó doirte a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú;

[...]

(**f**) [...] faisnéis **ábhartha** a thiocfaidh as faireachán ar shláinte ithreach arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8.

[...]

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar **na** láithreáin [...] a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú **atá ann roimh dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, nó ar an dáta sin, a shainaithint agus a thaifeadadh go cuí sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 16** [...] faoin *(Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...]* ***10*** *mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach [...]).*

---

**61** Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthimpiste lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1).

**62** Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56)

*Airteagal 14*

**Imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **na** [...] láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe arna sainaithint [...] **de bhun** Airteagal 13 faoi réir imscrúdú ithreach, **i gcomhréir le [...] mír 2 den Airteagal seo agus an cur chuige rioscabhunaithe agus céim ar chéim dá dtagraítear in Airteagal 12.**

2. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le [...] **tréimhse ama**, ábhar, agus foirm na n-imscrúduithe ithreach agus maidir le tosaíocht a thabhairt dóibh. [...]

   Féadfaidh na Ballstáit tuarascálacha bonnlíne agus bearta faireacháin arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Treoir 2010/75/AE **chomh maith le himscrúduithe eile** a mheas mar imscrúdú ithreach, **nuair a chomhlíonann siad ceanglais na Treorach seo** [...].

3. Bunóidh na Ballstáit freisin teagmhais shonracha lena spreagtar imscrúdú [...] **laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i** mír 2.

*Airteagal 15*

**Measúnú riosca a bhaineann go sonrach le láithreán agus bainistíocht ar láithreáin éillithe**

1. Leagfaidh na Ballstáit síos an mhodheolaíocht shonrach chun na rioscaí a bhaineann go sonrach le láithreáin éillithe a [...] **mheas**. **Féadfaidh** an mhodheolaíocht sin a bheith bunaithe ar na céimeanna **táscacha** agus ar na **prionsabail** tháscacha [...] maidir le measúnú riosca a bhaineann go sonrach le láithreáin a liostaítear in Iarscríbhinn VI.

2. Saineoidh na Ballstáit an rud is riosca do-ghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol ann de thoradh láithreáin éillithe trí eolas eolaíoch atá ann cheana, trí phrionsabal an réamhchúraim, sainiúlachtaí áitiúla, agus úsáid na talún faoi láthair agus [...] atá **beartaithe** a chur san áireamh.

3. I gcás gach láithreáin éillithe [...] **arna bhunú** de bhun Airteagal 14 nó ar aon mhodh eile, [...] **áiritheoidh** na **Ballstáit** go n**déanfar** [...] measúnú a bhaineann go sonrach leis an láithreán ar an talamhúsáid atá ann faoi láthair agus atá beartaithe chun a chinneadh a bhfuil rioscaí do-ghlactha ag baint leis an láithreán éillithe do shláinte an duine nó don chomhshaol. **Más leor an fhaisnéis a bhailítear de bhun Airteagal 14 chun teacht ar an gconclúid nach mbaineann aon riosca do-ghlactha do shláinte an duine ná don chomhshaol leis an éilliú ithreach nó chun teacht ar an gconclúid gur gá feabhsúchán ithreach a dhéanamh, ní gá measúnú riosca suíomhshonrach a dhéanamh.**

4. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 3, [...] **áiritheoidh na Ballstáit** [...] **go ndéanfar** [...] na bearta iomchuí **agus go gcuirfear chun feidhme iad** chun go mbeidh na rioscaí ar leibhéal inghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol (‘bearta laghdaithe riosca’) **laistigh d’amscála iomchuí.**

5. Féadfaidh na bearta dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a bheith sna bearta laghdaithe riosca. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na bearta laghdaithe riosca iomchuí, [...] **cuirfear san áireamh** costais, tairbhí, éifeachtacht, marthanacht, **inbhuanaitheacht**, **feabhas a chur ar shláinte ithreach** agus indéantacht theicniúil na mbeart laghdaithe riosca atá ar fáil.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinní V agus VI a leasú chun liosta na mbeart maidir le laghdú rioscaí agus na **bprionsabal** maidir le measúnú riosca atá sonrach don láithreán a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

*Airteagal 16*

**Clár**

1. Faoin *(Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo)*, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le mír 2, clár de láithreáin éillithe agus de láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a tharraingt suas **mar a bhunaítear i gcomhréir leis an gCaibidil seo.**

2. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VII sa chlár, **seachas an fhaisnéis a rachadh a nochtadh chun dochair don tslándáil phoiblí nó don chosaint náisiúnta.**

3. **Déanfaidh na Ballstáit** an clár **a bhainistiú nó a mhaoirsiú agus áiritheoidh siad go ndéanfar é** [...] a athbhreith**niú** [...] agus a nuashonr**ú** [...] go rialta.

4. Poibleoidh na Ballstáit an clár agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, **i gcomhréir le hAirteagal 19.** Féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú do nochtadh aon fhaisnéise nó srian a chur léi i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63].

   Cuirfear an clár ar fáil **mar** bhunachar sonraí spásúlachta geothagartha ar líne.

[...]

**63** Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

## Caibidil V

## Maoiniú, faisnéis don phobal agus tuairisciú ag na Ballstáit

*Airteagal 17*

### Maoiniú ón Aontas

I bhfianaise na tosaíochta a ghabhann ó nádúr le faireachán ithreach agus [...] bainistiú inbhuanaithe ithreach agus le hathghiniúint ithreach a bhunú**, agus bainistiú láithreán éillithe**, tacófar le cur chun feidhme na Treorach seo ó [...] chláir airgeadais an Aontais i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme sna cláir sin.

*Airteagal 18*

### Tuairisciú ag na Ballstáit

1. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú go leictreonach don Choimisiún agus don EEA gach [...] **6** bliana:

   (a) sonraí agus torthaí an fhaireacháin agus an mheasúnaithe ar shláinte ithreach a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 6 go 9;

   (b) anailís treochtaí ar shláinte ithreach le haghaidh na dtuairisceoirí a liostaítear i g**C**odanna A, B, agus C d'Iarscríbhinn I agus le haghaidh na dtáscairí [...] séalaithe ithreach **agus scriosta ithreach** a liostaítear i g**C**uid D d'Iarscríbhinn I i gcomhréir le hAirteagal 9;

   (c) achoimre ar an dul chun cinn maidir leis na nithe seo a leanas:

      (i) prionsabail inbhuanaithe um bainistiú ithreach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 10;

(ii) **láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe** a [...] shainaithint **agus a** imscrúdú, [...] láithreáin éillithe a bhainistiú, **agus láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe a chlárú**, i gcomhréir le hAirteagail 12 go 16;

[...]

Cuirfear na chéad tuarascálacha isteach faoin … (*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...]* ***6*** *bliana agus 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach*).

2. [...] **Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, le tacaíocht ó EEA, malartú éifeachtach na faisnéise agus na sonraí dá dtagraítear i mír 1, agus an rúndacht staidrimh á hurramú. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh rochtain thráthúil agus éifeachtach ag an gCoimisiún agus ag EEA ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis atá sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 16.**

**2a. De mhaolú ar an gcéad mhír agus ar an dara mír, más rud é go ndéanfadh nochtadh sonraí agus faisnéise áirithe dochar don tslándáil phoiblí nó don chosaint náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan rochtain ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis sin a thuairisciú, a mhalartú ná a áirithiú.**

3. Soláthróidh na Ballstáit rochtain ar líne don Choimisiún ar na nithe seo a leanas:

(a) liosta cothrom le dáta agus **fairsinge** spásúil [...] a gceantar ithreach **agus a n-aonad ithreach** dá dtagraítear in Airteagal 4 faoin ... (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...] **3** bliana agus 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach);

(b) liosta cothrom le dáta de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 5 faoin … (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...] **3** bhliain agus 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach);

(c) na bearta agus na cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach dá dtagraítear in Airteagal 10 faoin … (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...] **5** bliana agus 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach).

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear an fhormáid agus na módúlachtaí chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur isteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21.

*Airteagal 19*

**Faisnéis don phobal**

1. Cuirfidh na Ballstáit na [...] **torthaí** a ghintear leis an bhfaireachán a dhéantar faoi Airteagal 8[...] **agus** na measúnuithe a dhéantar faoi Airteagal 9 **ar fáil don** phobal **i bhfoirm sonraí comhiomlánaithe**, **agus an clár faoi Airteagal 16** den Treoir seo. [...][64]

64 […]

2. Áiritheoidh an Coimisiún **go mbeidh rochtain ag an bpobal ar** [...] an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagal 6. [...][65][66]

[...][67]

4. Féadfar diúltú do nochtadh aon fhaisnéise a cheanglaítear faoin Treoir seo nó srian a chur léi i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2003/4/CE.

**4a. Nuair a úsáidfidh an Coimisiún nó na Ballstáit sonraí rúnda chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh, cosnóidh sé na sonraí sin i gcomhréir le rialacha agus bearta Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Éileoidh an Coimisiún nó EEA údarú sainráite ón údarás a bhailigh na sonraí sula nochtfar sonraí rúnda.**

65 […]
66 […]
67 […]

# Caibidil VI

## Tarmligean agus Nós imeachta coiste

*Airteagal 20*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 8**(6)**[...] **agus** 15**(6)** [...] a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 8**(6)** [...] **agus** 15**(6)** [...] a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8**(6) agus** [...] 15**(6)**[...] i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 21*

**An coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## Caibidil VII

**Forálacha críochnaitheacha**

*Airteagal 22*

**Rochtain ar an gceartas**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, **i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta**, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal **lena mbaineann [...]**, ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta an mheasúnaithe ar shláinte ithreach, na mbeart arna ndéanamh de bhun na Treorach seo agus aon mhainneachtain gníomhú ag na húdaráis inniúla **nuair a chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas**:

   **(a) tá leas leordhóthanach acu ann;**

   **(b) áitíonn siad gur sáraíodh ceart, i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin Ballstáit.**

   [...]

2. **Ní bheidh páirteachas sa nós imeachta athbhreithnithe ag brath ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo.**

3. Beidh an nós imeachta um athbhreithniú [...] cóir, cothrom, tráthúil agus [...] ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann maidir le **sásraí** leormhaithe éifeachtacha **sásaimh**, lena n-áirítear faoiseamh urghaire [...] **de réir mar is iomchuí**.

   [...]

[...]

*Airteagal 23a*

**Tacaíocht ón gCoimisiún**

**1. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht, an cúnamh agus an fothú acmhainneachta is gá ar fáil do na Ballstáit chun go mbeidh siad in ann a n-oibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Go háirithe, eiseoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, doiciméid agus uirlisí eolaíocha a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid chun an méid seo a leanas a éascú:**

**(a) creat faireacháin a bhunú de bhun Airteagal 6 agus a bpointí samplála a chinneadh de bhun Airteagal 8(1) agus (1a) agus Chuid A.1 d'Iarscríbhinn II ;**

**(b) spriocluachanna inbhuanaithe agus truicearluachanna oibríochtúla a shocrú le haghaidh na dtuairisceoirí ithreach de bhun Airteagal 7(2) agus Codanna A, B agus C de réir mar is ábhartha d'Iarscríbhinn I;**

**(c) a liosta d'éilleáin orgánacha a bhfuil faireachán le déanamh orthu de bhun Airteagal 7(3) agus Chuid B d'Iarscríbhinn I a chinneadh agus an fhéidearthacht ann liosta táscach faire d'éilleáin ithreach atá le bunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7(5a) a chur san áireamh;**

**(d) measúnú a dhéanamh ar na limistéir nach bhfuil i mbaol salannaithe agus is féidir a eisiamh ó thomhais na seoltachta leictrí de bhun Airteagal 8(2) agus Chuid A d'Iarscríbhinn I;**

**(e) sampláil *in situ* a dhéanamh ar thuairisceoirí ithreach de bhun Airteagal 8(2) agus Chuid A.2 d'Iarscríbhinn II;**

**(f) luachanna na dtáscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach a chinneadh de bhun Airteagal 8(2b) agus Chuid C d'Iarscríbhinn II;**

**(g) luachanna na dtuairisceoirí ithreach a chinneadh nó a mheas de bhun Airteagal 8(3) agus Chuid B d'Iarscríbhinn II;**

**(h) caillteanas criticiúil éicisheirbhísí a shainaithint agus a mheasúnú de bhun fhomhír 1 d'Airteagal 9(3) agus an tionchar a bhíonn ag séalú ithreach agus scriosadh ithreach ar chaillteanas éicisheirbhísí de bhun fhomhír 2 d'Airteagal 9(3);**

**(i) na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus liosta a leagan síos de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith éillitheach de bhun Airteagal 13; agus**

**(j) an mhodheolaíocht shonrach a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann go sonrach le láithreáin éillithe, agus cleachtais, modheolaíochtaí agus sonraí tocsaineolaíocha coiteanna á gcur san áireamh de bhun Airteagal 15.**

**Déanfar foráil maidir leis na doiciméid agus na huirlisí eolaíocha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:**

**i. pointe a), laistigh de 1 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo;**
**ii. pointí b), c), e) agus j), laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo;**
**iii. pointe i), laistigh de 2 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo;**
**iv. pointí d), f) agus g), laistigh de 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo;**
**v. pointe h), laistigh de 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo.**

**Féadfaidh na doiciméid agus na huirlisí eolaíocha sin a bheith i bhfoirm treoirlínte.**

**2. Eagróidh an Coimisiún malartú rialta faisnéise, taithí agus dea-chleachtas idir na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, páirtithe eile maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo agus maidir leis na torthaí a ghintear leis an bhfaireachán agus leis na measúnuithe ar shláinte ithreach a chur in iúl don phobal. Déanfar an chéad mhalartú laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach.**

**Foilseoidh an Coimisiún torthaí an chomh-mhalartaithe faisnéise, taithí agus dea-chleachtas i ndáil leis na hábhair sin agus le hábhair ábhartha eile, agus i gcás inarb ábhartha, cuirfidh sé moltaí agus/nó treoirlínte ar fáil do na Ballstáit.**

*Airteagal 24*

**Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Faoin (*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...] 7 mbliana* ***agus 6 mhí*** *tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*), déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo a cuspóirí agus ar an ngá atá lena forálacha a leasú chun ceanglais níos sonraí a leagan síos **chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach** [...]. Cuirfear san áireamh, inter alia, sa mheastóireacht sin na heilimintí seo a leanas:

   (a) an taithí a fuarthas tríd an Treoir seo a chur chun feidhme;

   (b) na sonraí agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 18;

   (c) sonraí ábhartha eolaíocha agus anailíseacha, lena n-áirítear torthaí ó thionscadail taighde arna gcistiú ag an Aontas;

   (d) anailís ar an mbearna i dtreo ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050;

   (e) anailís ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann forálacha na Treorach seo a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, go háirithe maidir leis na míreanna seo a leanas:

      (i) an sainmhíniú ar ithreacha sláintiúla;

      (ii) critéir a bhunú le haghaidh na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i g**C**uid C **d'Iarscríbhinn I agus le haghaidh na dtáscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach a liostaítear i gCuid D** d'**I**arscríbhinn I;

      (iii) tuairisceoirí nua ithreach a chur isteach chun críoch faireacháin.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus Choiste na Réigiún.

*Airteagal 25*

**Trasuí**

1. Na dlíthe, rialacháin agus forálacha reachtaíochta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach dáta = [...] **3** bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 26*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 27*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN I

## TUAIRISCEOIRÍ ITHREACH, CRITÉIR LE hAGHAIDH RIOCHT SLÁINTIÚIL ITHREACH, AGUS [...] TÁSCAIRÍ SÉALAITHE ITHREACH AGUS SCRIOSTA ITHREACH

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas

(1) **ciallaíonn 'talamh nádúrtha' limistéar talún ina bhfuil an próiseas nádúrtha ceannasach agus nach bhfuil ach fíorbheagán idirghabháil ón duine ann nó nach ann di ar chor ar bith, agus nach bhfuil modhnú substaintiúil déanta ar na príomhfheidhmeanna éiceolaíocha ná ar chomhdhéanamh speiceas** [...]**;**

(2) ciallaíonn 'glan **séalú** [...]' an toradh ar [...]**shéalú ithreach** lúide [...] **díshéalú;**

**(3) 'Limistéar lonnaíochta' mar a shainmhínítear i dTreoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa;**

**(3a) 'Ithreacha orgánacha' agus 'ithreacha mianracha' mar a shainmhínítear i dTreoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.**

| **Gné den díghrádú ithreach** | **Tuairisceoir ithreach**[68] | **Critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach – spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha**[69] | **Limistéir thalún a eisiafar chun an critéar gaolmhar a bhaint amach** |
|---|---|---|---|
| ***Cuid A: tuairisceoirí ithreach lena ngabhann critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal an Aontais*** | | | |
| Salannú[70] | Seoltacht Leictreach (deici-Shíminí in aghaidh an mhéadair) | <4 dS m−1 le linn do mhodh tomhais maidir le heastóscadh taois in ithir sháithithe (eEC) á úsáid, nó critéar coibhéiseach má tá modh tomhais eile in úsáid | Limistéir thalún atá salanda go nádúrtha**, limistéir ina mbíonn tuilte go rialta ó thumadh muirí agus limistéir atá faoi réir spraeála farraige**<br><br>[...] |
| [...] | [...] | [...] | [...] |
| Caillteanas carbóin orgánaigh san ithir | Tiúchan carbóin orgánaigh san ithir (SOC) (g in aghaidh an kg) | – I gcás ithreacha orgánacha: na spriocanna a leagtar síos maidir leis na hithreacha sin ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 4.1, 4.2, 9.4 de Rialachán (AE) …/… + a urramú | Eisiamh ar bith |

**68 Soláthraítear na híoschritéir maidir leis an modheolaíocht chun sampláil *in situ* a dhéanamh ar thuairisceoirí ithreach i gCuid A.2 d'Iarscríbhinn II agus tugtar mionsonraí breise orthu i gcur i bhfeidhm Airteagal 23a**

**69 Déantar mionsonrú breise ar an modheolaíocht maidir le spriocluachanna inbhuanaithe agus truicearluachanna oibríochtúla a shocrú le haghaidh tuairisceoirí ithreach i gCuid A, B agus, nuair is féidir, i gCuid C d'Iarscríbhinn I agus Airteagal 23a á chur i bhfeidhm.**

70 **Is féidir tomhas seoltachta leictrí a eisiamh i limistéir nach bhfuil i mbaol salannaithe. Déantar an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar limistéir nach bhfuil i mbaol salannaithe a mhionsonrú a thuilleadh agus Airteagal 23a á chur i bhfeidhm.**

\+ Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathbhunú an dúlra atá i ndoiciméad COM (2022) 304

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | – I gcás ithreacha mianracha: Cóimheas SOC/Cré > 1/13 **(is é sin cion SOC le cion an chodáin cré (an codán le trastomhas níos lú ná 0.002 mm))**;<br><br>**Táthar ag súil** [...] go gcuirfidh na Ballstáit fachtóirí ceartaitheacha i bhfeidhm **maidir leis an gcóimheas** i gcás ina dtugann cineálacha sonracha ithreach nó dálaí aeráide údar leis sin, agus **an nasc leis an gcobhsaíocht struchtúrach** á chur san áireamh. [...] | Ithreacha neamhbhainistithe i limistéir talún nádúrtha |
| Balcadh fo-ithreach | | | Ithreacha neamhbhainistithe i limistéir talún nádúrtha **agus i limistéir ina bhfuil ithreacha atá dlúthaithe go nádúrtha** |

<table>
<tr>
<td>[...]</td>
<td>Dlús toirte i mbarrithir [...] (g in aghaidh an cm$^3$)</td>
<td>
<table>
<tr><td>Uigeacht ithreach[71]</td><td>raon</td></tr>
<tr><td>gaineamh, gaineamh dúrabhánach, dúrabhán gainmheach, dúrabhán</td><td><1.80</td></tr>
<tr><td>Dúrabhán gainmheach créúil, dúrabhán, dúrabhán créúil, siolta, dúrabhán siolta</td><td><1.75</td></tr>
<tr><td>dúrabhán siolta, dúrabhán créúil siolta</td><td><1.65</td></tr>
<tr><td>Cré ghainmheach, cré shiolta, dúrabhán créúil ina bhfuil 35-45 % de chré</td><td><1.58</td></tr>
<tr><td>Cré</td><td><1.47</td></tr>
</table>
Féadfaidh na Ballstáit aicmí nó luachanna éagsúla uigeachta a chur i bhfeidhm<br>a chomhfhreagraíonn do na leibhéil a mheastar a bheith ina bhfadhb d’fhorbairt an chórais fréamhaithe plandaí.<br><br>[...]
</td>
<td></td>
</tr>
</table>

[71] Mar a shainítear i [...] **Meitheal IUSS WRB**. **2022. Bonn Tagartha Domhanda d’Acmhainní Ithreach. Córas idirnáisiúnta aicmithe ithreach chun ithreacha a ainmniú agus eochracha eolais a chruthú le haghaidh léarscáileanna ithreach. An ceathrú heagrán. Aontas Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Ithreach (IUSS), Vín, an Ostair**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Roghnach:**<br><br>**Seoltacht hiodrálach sháithithe – Ksat (cm/lá)**<br><br><br>**Toilleadh aeir (%)** | **≥ 10 cm/lá**[72]<br><br>**Féadfaidh na Ballstáit an luach sin a oiriúnú de réir a ndálaí ithreach áitiúla.**<br><br>**≥ 5 %**[74]<br><br>**Féadfaidh na Ballstáit an luach sin a oiriúnú de réir a ndálaí ithreach áitiúla.** | |

72 **Lebert, M., Böken, H., Glante, F. 2007.** ***Soil compaction—indicators for the assessment of harmful changes to the soil in the context of the German Federal Soil Protection Act.*** **Journal of Environmental Management 82(3): 388-397.**

| ***Cuid B: tuairisceoirí ithreach lena ngabhann critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal na mBallstát*** | | | |
|---|---|---|---|
| Cion cothaitheach iomarcach san ithir | Fosfar in-eastósctha (mg in aghaidh an kg) | <‘uasluach’;<br><br>[...] **Saineoidh na Ballstáit a ‘n-uasluach’ féin go leibhéal nach mbeadh damáiste don chomhshaol ná do shláinte an duine i gceist leis.** | [...] **Ithreacha neamhbhainistithe i limistéir talún nádúrtha** |
| **Creimeadh ithreach** | **Ráta creimthe ithreach**<br><br>**(tonaí in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana)** | **<‘uasluach’;**<br><br>**Saineoidh na Ballstáit a ‘n-uasluach’ féin go leibhéal nach mbeadh damáiste don chomhshaol ná do shláinte an duine i gceist leis.** | **Drochthailte agus limistéir talún nádúrtha, ach amháin má tá riosca suntasach tubaiste ag baint leo** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Éilliú ithreach | – tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), [...], Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn (**m**g in aghaidh an kg)<br>– tiúchan de rogha éilleán orgánach arna bhunú ag na Ballstáit agus na teorainneacha tiúchana atá ann cheana á gcur san áireamh e.g. le haghaidh cháilíocht an uisce agus astaíochtaí aeir i reachtaíocht an Aontais | Dearbhú réasúnta a fuarthas ón tsampláil ar phointí ithreach, láithreáin éillithe a shainaithint agus imscrúdú a dhéanamh orthu agus aon fhaisnéis ábhartha eile, nach ann d'aon riosca do-ghlactha ann do shláinte an duine agus don chomhshaol ón éilliú ithreach.<br><br>**Ba cheart leibhéil chúlra nádúrtha agus antrapaigineacha a chur san áireamh sa mheasúnú riosca.**<br><br>**Más é an cúlra nádúrtha an t-aon chúis amháin as a n-eascraíonn rioscaí do-ghlactha, ba cheart a mheas go gcomhlíonann an ithir sin critéir shláintiúla ithreach ar choinníoll go mbainistítear í ar bhealach nach bhfuil aon riosca do-ghlactha ann do shláinte an duine.**<br><br>Gnáthóga a bhfuil tiúchan ard trom-mhiotal iontu go nádúrtha san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[73], fanfaidh siad faoi chosaint. | Eisiamh ar bith |

[73] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Coinneáil uisce** ithreach a laghdú [...] **agus insíothlú** [...] | **Coinneáil uisce:**<br>- Acmhainn coinneála uisce ithreach an tsampla ithreach **(% den uisce / ithir iomlán (toirt nó mais)** [...] )<br><br>**Insíothlú uisce:**<br>- **Seoltacht hiodrálach sháithithe – Ksat (cm/lá)**<br>- **Toilleadh aeir (%)** | Tá an luach measta don acmhainn iomlán coinneála uisce**, don tseoltacht hiodrálach sháithithe agus do thoilleadh aeir aonaid** [...] ithreach **os cionn na tairsí íosta agus féadfar é a mheasúnú freisin** de réir abhantraí nó fo-abhantraí**, agus próisis uisce a tharlaíonn ar an scála sin á gcur san áireamh.** [...].<br><br>Socróidh an Ballstát an tairseach íosta (i dtonaí) **ar an scála ábhartha** [...] chuig an luach a fhágann go maolófar tionchar na dtuilte tar éis dianteagmhais bháistí nó tréimhsí ísealtaise ithreach i ngeall ar theagmhais triomaigh. | Eisiamh ar bith |
| **Caillteanas carbóin orgánaigh san ithir** | **Stoic de charbón orgánach san ithir (tC ha$^{-1}$)**<br><br>**Roghnach:**<br><br>**Cion carbóin orgánaigh san ithir (g in aghaidh an kg)** | **Rannchuidiú le spriocanna náisiúnta maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa in earnáil LULUCF dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 841/2018**<br><br>**> 'íosluach';**<br><br>**Leagfaidh an Ballstát síos an 't-íosluach' de réir uigeacht ithreach** | **Eisiamh ar bith** |

| *Cuid C: tuairisceoirí ithreach gan chritéir* | |
|---|---|
| **Gné den díghrádú ithreach** | **Tuairisceoir ithreach** |

| | |
|---|---|
| Cion cothaitheach iomarcach san ithir | Nítrigin **iomlán** san ithir (mg g-1)<br><br>**Cóimheas idir carbón orgánach agus nítrigin san ithir** |
| Aigéadú | Aigéadacht ithreach (pH)<br><br>**Féadfaidh na Ballstáit an tuairisceoir roghnach a roghnú freisin:**<br><br>**– sáithiú bunáite (i.e. (Ca + Mg + K)/CEC éifeachtach)** |
| Balcadh barrithreach | Dlús toirte i mbarrithir (léaslíne A[74]) (g $cm^{-3}$)<br><br>**Roghnach**<br><br>**Seoltacht hiodrálach sháithithe (cm/lá)**<br><br>**Toilleadh aeir (%)** |
| Caillteanas bhithéagsúlacht na hithreach<br><br>**Roghnach:**<br><br>**Caillteanas gníomhaíochta** | [...]<br><br>Rogh**nóidh** [...] na Ballstáit [...] tuairisceoir ithreach **amháin ar a laghad** [...] don bhithéagsúlacht mar atá sa mhéid seo a leanas **ach gan a bheith teoranta dó**:<br>– meitea-bharrachódú baictéar, fungas, prótaisteach agus ainmhithe;<br>**– Anailís ar aigéad sailleach fosfailipíde (PFLA)**<br>– flúirse agus éagsúlacht néimeatóidí;<br>[...]<br>– flúirse agus éagsúlacht péisteanna talún (ar thalamh curaíochta);<br>**– flúirse agus éagsúlacht preabairí;**<br>**– flúirse agus éagsúlacht seangán dúchasach;**<br>**– éagsúlacht bhaictéarach bunaithe ar DNA;**<br>**– cáilíocht bhitheolaíoch na hithreach bunaithe ar artrapóidí (QBS-ar)**<br><br>– **láithreacht** speiceas coimhthíoch ionrach agus lotnaidí plandaí |

[74] Mar a shainítear i dTreoirlínte EBT maidir le Tuairisc ar Ithreacha, Caibidil 5 (https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf )

| | |
|---|---|
| **bitheolaíche ithreach** | **Féadfaidh na Ballstáit tuairisceoirí ithreach a roghnú le haghaidh gníomhaíocht bhitheolaíoch ar nós na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:**<br>- **riospráid foistine ithreach ((mm$^3$ $O_2$ g$^{-1}$ ur$^{-1}$) in ithir thirim**<br>- **bithmhais mhiocróbach;**<br>- **Riospráid ithreach;**<br>- **Gníomhaíocht einsímeach.** |

| *Cuid D:* [...] ***táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach*** | |
|---|---|
| **Gné den díghrádú ithreach** | **Táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach** |
| [...] Séalú ithreach **agus scriosadh ithreach** | Iomlán [...] **na n-ithreacha séalaithe agus na n-ithreacha scriosta** (km$^2$ agus % de dhromchla an Bhallstáit)<br><br>**Séalú ithreach agus scriosadh ithreach, díshéalú, glanséalú (meán in aghaidh na bliana – in km$^2$ agus % de dhromchla an Bhallstáit)**<br><br>[...] **Iomlán an limistéir lonnaíochta (km$^2$ agus % de dhromchla an Bhallstáit)**<br><br>**Athrú in úsáid na talún i dtreo agus ón limistéar lonnaíochta** (meán in aghaidh na bliana – in km$^2$ agus % de dhromchla an Bhallstáit)<br><br>[...]<br><br>Féadfaidh na Ballstáit táscairí roghnacha gaolmhara eile a thomhas freisin, amhail:<br><br>**– saorgú ithreach**<br><br>– ilroinnt talún<br><br>– ráta athchúrsála talún<br><br>– talamh a thógtar le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála, moil lóistíochta, fuinneamh in-athnuaite, dromchlaí mar shampla aerfoirt, bóithre, mianaigh<br><br>– iarmhairtí [...] **an tséalaithe ithreach agus an scriosta ithreach**, ar nós caillteanas éicisheirbhísí a chainníochtú, athrú ar dhéine na dtuilte |

# IARSCRÍBHINN II

# MODHEOLAÍOCHTAÍ

Cuid A: Modheolaíocht chun pointí samplála a chinneadh **agus don suirbhé samplach**

| Gníomhaíocht | Critéir íosta don mhodheolaíocht |
| --- | --- |
| **1.** Pointí samplála ithreach a chinneadh (suirbhé samplach) **chun measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach** | Dearfar an suirbhé samplach ó fhráma samplach iomlán ina mbeidh an fhaisnéis is fearr atá ar fáil maidir le dáileadh airíonna ithreach, lena n-áirítear an fhaisnéis a thagann ó [...] thomhais [...] **ábhartha faoi réir Airteagal 8 míreanna 2 agus 2a** [...].<br><br>Is éard a bheidh sa scéim samplála ná sampláil randamach shrathaithe arna barrfheabhsú leis **an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil maidir le hathraitheacht na** dtuairisceoirí sláinte ithreach **agus beidh an srathú bunaithe ar na haonaid ithreach a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 4(2)**. **Féadfar pointí samplála a bhaineann le tomhais dá dtagraítear in Airteagal 8, mír 2a, a chur san áireamh go páirteach nó go hiomlán sa scéim samplála, gan beann ar an dearadh atá orthu.**<br><br>**Léireofar** le **líon agus suíomh** na [...] **bpointí samplála** [...] **athraitheacht na dtuairisceoirí ithreach a roghnaíodh laistigh de na haonaid ithreach ag** a bhfuil uasearráid chéatadánach (nó Comhéifeacht Athrúcháin) 5 % [...].<br><br>[...]<br><br>Cinnfear leithdháileadh agus méid an tsampla trí **nósanna imeachta iomchuí (e.g.** algartam Bethel – Bethel, 1989[75]**) lena mbeifear in ann** an uasearráid mheastacháin is gá a chur san áireamh.<br><br>**Féadfaidh an suirbhé samplach arna dhearadh ag na Ballstáit le haghaidh gach timthrialla faireacháin athrú nó fanacht mar an gcéanna.**<br><br>**Déantar an cinneadh maidir le pointí samplála ithreach a mhionsonrú a thuilleadh i gcur i bhfeidhm Airteagal 23a.** |
| **2. Suirbhé samplála allamuigh** | **Ba cheart suíomhanna samplála beachta a shampláil seachas sa chás go gcuireann imthosca a bhfuil údar cuí leo cosc ar shampláil na suíomhanna, ar nós ithir atá sáithithe le huisce nó ardleibhéal cion carraige.** |

75 Bethel, J. 1989. *Sample Allocation in Multivariate Surveys.* Survey Methodology 15: 47-57.

| | |
|---|---|
| | **Nuair a thógtar samplaí comhiomlána ithreach, is meascán de 5 fhoshampla ar a laghad a bheidh iontu.**<br><br>**Agus ithir á sampláil i limistéir gan foraois, ba cheart iarmhair agus smionagar orgánach a bhaint den dromchla.**<br><br>**Agus ithir á sampláil i limistéir fhoraoisithe, ba cheart talamh na foraoise, í foroinnte i mbruscar agus i gciseal orgánach, más ábhartha, a shampláil ar leithligh agus ba cheart a dtiús agus a meáchan a thaifeadadh.**<br><br>**Agus samplaí nó foshamplaí á dtógáil le haghaidh an tsampla chomhiomláin, ba cheart iad a thógáil go doimhneacht 30 cm ar a laghad den ithir. Ba cheart faisnéis ar nós chineál na hithreach, agus léaslínte géiniteacha ithreach más féidir, a thaifeadadh. Ba cheart foshamplaí a mheascadh le chéile chun sampla comhiomlán aonchineálach a fháil. Is féidir an tsampláil a dhéanamh de réir doimhneacht sheasta nó léaslíne, ach déanfar na sonraí a thuairisciú de réir doimhneacht sheasta.**<br><br>**Samplaí nár cuireadh isteach orthu agus a tógadh ag an doimhneacht ábhartha, lena n-áirítear samplaí faoi bhun 30 cm le haghaidh fo-ithreach, ba cheart iad a bheith ina samplaí dlúis toirte. Samplaí a bhaineann le balcadh ithreach (seoltacht hiodrálach sháithithe agus toilleadh aeir), féadfaidh siad a bheith mar an gcéanna leis na samplaí nár cuireadh isteach orthu agus a thógtar le haghaidh dlús toirte. <u>I gcás ina gcuirtear cosc ar shampláil a thógáil mar gheall ar chion ard na mblúirí garbha san ithir, féadfar sampláil a eisiamh sa suíomh sin chun dlús toirte a thomhas.</u>**<br><br>**Déantar an suirbhé samplach allamuigh a mhionsonrú a thuilleadh agus Airteagal 23a á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le conas cásanna sonracha ar nós ithreacha éadoimhne agus doimhneachtaí samplála éagsúla a láimhseáil.** |

Cuid B: Modheolaíocht chun luachanna na dtuairisceoirí ithreach a chinneadh nó a mheas

Nuair a leagtar síos modheolaíocht tagartha, úsáidtear an mhodheolaíocht tagartha **nó modheolaíocht choibhéiseach** nó modheolaíocht eile, ar choinníoll go bhfuil sí ar fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil go poiblí agus go bhfuil fáil ar fheidhm tarchuir córais bhailíochtaithe.

**Má tá modheolaíocht CEN ar fáil, is fearr í ná an mhodheolaíocht tagartha. Sa chás sin, meastar gur modheolaíocht choibhéiseach í an mhodheolaíocht tagartha.**

| **Tuairisceoir ithreach** | **Modheolaíocht tagartha** | **Íoschritéir mhodheolaíochta** | **An bhfuil gá le feidhm tarchuir córais bhailíochtaithe (má úsáidtear modheolaíocht atá difriúil ón modheolaíocht tagartha)?** |
|---|---|---|---|
| Uigeacht ithreach (cion cré, siolta agus gainimh – a bhfuil gá leo chun tuairisceoirí eile agus raonta gaolmhara a chinneadh) | [...] ISO 11277[...] Dáileadh mhéid na gcáithníní in ábhar ithreach mianraigh a chinneadh – Modh an chriathraithe agus an dríodraithe<br><br>[...] | | TÁ |
| Seoltacht Leictreach | **Rogha 1: ISO 11265 An tSeoltacht Leictreach Shonrach a Chinneadh;**<br><br>Rogha [...] **2**: modh tomhais maidir le heastóscán taois in ithir sháithithe (eEC) (FAO SOP: GLOSOLAN-SOP-08[76])<br><br>[...] | | TÁ |
| Ráta creimthe ithreach | | Cuirfear san áireamh sa mheastachán ar an ráta creimthe ithreach gach gníomhaíocht a dhéanfar chun an riosca creimthe a mhaolú nó a chúiteamh, lena n-áirítear bearta maolaithe iardhóiteáin.<br><br>Áireofar le meastachán ar an ráta creimthe ithreach gach próiseas creimthe ábhartha amhail creimeadh ag uisce, gaoth, fómhar agus curaíocht. | **Ní bhaineann le hábhar** [...] |

76 https://www.fao.org/3/cb3355en/cb3355en.pdf

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Déanfar measúnú ar chreimeadh ithreach ag an uisce trí na tosca seo a leanas a chur san áireamh:<br><br>- saintréithe ithreach (e.g. inchreimtheacht, screamhú ithreach, gairbhe ithreach**, líon na gcloch**),<br><br>- aeráid (e.g. creimneacht bháistí – a déine agus a fad [...]),<br><br>- topagrafaíocht (e.g. géire agus fad fána),<br><br>- cumhdach fásra, cineál barr, úsáid talún agus cleachtais bhainistíochta chun creimeadh a rialú nó a laghdú,<br><br>- cleachtais bhainistíochta (e.g. barra cumhdaigh, curaíocht laghdaithe, mótú, etc.),<br><br>- limistéir dhóite.<br><br>Déanfar measúnú ar chreimeadh ithreach ag an ngaoth trí na tosca seo a leanas a bhreithniú:<br><br>- saintréithe ithreach (e.g inchreimtheacht),<br><br>- aeráid (e.g. taise ithreach, luas gaoithe, galú),<br><br>- fásra (e.g. cineál barr),<br><br>- cleachtais bhainistíochta chun creimeadh a rialú nó a laghdú (e.g. scáthláin ghaoithe).<br><br><br>**Déanfar measúnú** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **cainníochtúil ar chreimeadh ithreach trí chleachtais bhainistíochta ar nós na curaíochta nó onnmhairiú bithmhaise bunaithe ar mhodheolaíocht atá ar fáil sa litríocht eolaíoch nó atá ar fáil go poiblí.** | |
| Carbón orgánach san ithir (SOC) | ISO 10694 [...] Carbón orgánach agus carbón iomlán a chinneadh tar éis dóchán tirim**, agus a áirithiú go loisctear gach carbón.**<br><br>**Ba cheart carbón i gcarbónáití a chinneadh trí ISO 10693 a úsáid agus ba cheart carbón orgánach a léiriú mar dhifríocht.** | | TÁ |
| **Stoic de charbón orgánach san ithir** | **Modheolaíocht mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán 2018/1999 i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta de Gháis Ceaptha Teasa** | | **TÁ** |
| Dlús toirte san fho-ithir [...] | ISO 11272 [...] le dlús toirte tirim a chinneadh<br><br>I gcás ina roghnófar paraiméadar coibhéiseach, is caighdeán Eorpach nó idirnáisiúnta a bheidh sa mhodheolaíocht nuair is ann dó; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal. | **Is féidir an mhodheolaíocht a bheachtú ag brath ar chion na mblúirí garbha** | TÁ |
| Fosfar in-eastósctha | **An rogha modheolaíochta:**<br>ISO 11263 [...] maidir le fosfar intuaslagtha i | | TÁ |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | dtuaslagán de charbónáit hidrigine sóidiam a chinneadh le speictriméadar (P-Olsen)<br><br>**Is féidir modhanna eile a úsáid mar mhalairt.** | | |
| – Tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), [...] Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn<br>– Tiúchan de rogha éilleán orgánach arna sainiú ag na Ballstáit agus reachtaíocht an **Aontais** [...] atá ann cheana á cur san áireamh (e.g. reachtaíocht maidir le cáilíocht uisce nó maidir le lotnaidicídí) | [...]<br><br>**ISO 54321:** ***Aqua Regia***<br><br>**Roghnach: codáin bhith-infhaighteachta d'éilleáin, ar nós ISO 17586 trí úsáid a bhaint as aigéad nítreach caol.** | Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáid nuair is ann dóibh; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal | TÁ<br><br>Ní **bhaineann le hábhar mura bhfuil caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ar fáil** [...] |
| Acmhainn coinneála uisce ithreach**, toilleadh aeir agus seoltacht hiodrálach sháithithe** | Modheolaíocht chun luach pointe shamplaigh amháin a chinneadh:<br><br>**(1) Acmhainn coinneála uisce ithreach agus toilleadh aeir:**<br><br>Rogha 1: SAOTHARLANN:<br>ISO 11274 [...] chun an tréith coinneála uisce a chinneadh.<br><br>Rogha 2: MEASTACHÁN: [...] dáileadh mhéid na gcaithníní**, dlús toirte,** [...] **tiúchan** carbóin orgánaigh san ithir a chur i bhfeidhm.<br><br>**(2) Seoltacht hiodrálach sháithithe:**<br><br>**Rogha 1: SAOTHARLANN:** | Íoschritéir chun an acmhainn fhoriomlán coinneála uisce ithreach, **an toilleadh aeir agus an tseoltacht hiodrálach sháithithe** atá ag **aonad** ithreach [...] **nó** atá ar scála abhantraí nó fo-abhantraí a mheas:<br><br>- maidir leis an limistéar **ithreacha nár séalaíodh ná nár scriosadh,**[...] meastachán a dhéanamh ar luach iomlán acmhainn coinneála uisce na hithreach**, an toillte aeir agus na seoltachta hiodrálaí sáithithe**<br><br>- maidir leis an limistéar [...] **a séalaíodh agus a scriosadh**, smaoineamh ar | TÁ (do luach pointe) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **ISO 17313: Seoltacht hiodrálach ábhar scagach sáithithe a chinneadh**<br><br>**Rogha 2: MEASTACHÁN: feidhmeanna peidea-aistrithe a chur i bhfeidhm lena n-éilítear sonraí ionchuir a bhaineann go sonrach leis an ithir, ar nós mhéid-dáileachán na gcaithníní, dlús toirte, tiúchan carbóin orgánaigh san ithir.** | acmhainn coinneála uisce, **toilleadh aeir agus seoltacht hiodrálach sáithithe** na limistéar<br><br>neamh-thréscaoilteach<br><br>a shocrú go nialas, agus luachanna comhréireacha idirmheánacha á ndáileadh ar limistéir leath-thréscaoilteacha agus limistéir shaorga eile. | |
| Nítrigin san ithir | **Rogha 1**<br><br>ISO 11261 [...] chun nítrigin iomlán na hithreach a chinneadh trí úsáid a bhaint as modh modhnaithe Kjeldahl<br><br>**Rogha 2**<br><br>**ISO 13878: An nítrigin iomlán a chinneadh trí dhóchán tirim** | | TÁ |
| Aigéadacht ithreach | ISO 10390 [...] chun pH a chinneadh in eastóscán H2O, **KCI** agus CaCl2 [...] | | TÁ |
| **Sáithiú bunáite agus tiúchan inmhalartaithe sóidiam, potaisiam, cailciam agus maignéisiam** | **ISO 11260: Acmhainneacht malartaithe caitian éifeachtach agus bunleibhéal sáithithe a chinneadh agus BaCl2 á úsáid** | | **TÁ** |
| Dlús toirte sa 'bharrithir' (léaslíne A[77]) | ISO 11272 [...] le dlús toirte tirim a chinneadh | **Is féidir an mhodheolaíocht a bheachtú ag brath ar chion na mblúirí garbha** | TÁ |

[77] Mar a shainítear i dTreoirlínte FAO maidir le Tuairisc ar Ithreacha, Caibidil 5 (https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf)

| | | | |
|---|---|---|---|
| [...]<br><br>**Tuairisceoirí atá nasctha le bithéagsúlacht ithreach agus le gníomhaíocht bhitheolaíoch**<br><br>[...] | [...] | Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáid nuair is ann dóibh; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal. | [...]<br><br>Le haghaidh tuairisceoirí bithéagsúlachta ithreach eile: **Ní bhaineann le hábhar** [...] |

**Cuid C: íoschritéir mhodheolaíochta chun luachanna** [...] **na dtáscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach a chinneadh**

[...]

**– Maidir leis na táscairí séalaithe ithreach agus scriosta ithreach, comhlíonfaidh na modheolaíochtaí a úsáidtear na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I. Úsáidfidh na modheolaíochtaí sin táirgí Copernicus ar a laghad nó, más féidir, na sonraí is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear íomhánna cianbhraiteachta, a fhorlíonfar le fardail náisiúnta ábhartha.**

**– Maidir le táscaire an limistéir lonnaíochta, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as sonraí arna mbailiú faoi Rialachán (AE) 2018/841, ar choinníoll go dtuairiscítear na sonraí sin ar leibhéal an cheantair.**

[...]

– Beidh na modheolaíochtaí a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil go poiblí.

## IARSCRÍBHINN III

## PRIONSABAIL MAIDIR LE BAINISTIÚ INBHUANAITHE ITHREACH A THREORÚ

Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

(a) an prionsabal maidir le gan an ithir a fhágáil lom trí chumhdach fásúil ithreach a bhunú agus a chothabháil, go háirithe le linn tréimhsí atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) suaitheadh fisiciúil na hithreach a íoslaghdú;

(c) ionchur nó scaoileadh substaintí san ithir a sheachaint a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do shláinte an duine nó don chomhshaol, nó sláinte ithreach a dhíghrádú;

(d) a áirithiú go ndéanfar úsáid innealra a oiriúnú do neart na hithreach, agus go mbeidh líon agus minicíocht na n-oibríochtaí ar ithreacha teoranta ionas nach gcuirfear sláinte ithreach i mbaol leo;

(e) a áirithiú, nuair a chuirtear leasacháin san ithir, go ndéanfar oiriúnú do riachtanais na bplandaí agus na gcrann ag an láithreán áirithe agus sa tréimhse áirithe, agus do riocht na hithreach agus tosaíocht a thabhairt do réitigh chiorclacha lena saibhrítear an cion orgánach;

(f) i gcás uisciúcháin, éifeachtúlacht na gcóras uisciúcháin agus an bhainistithe uisciúcháin a uasmhéadú agus a áirithiú, nuair a úsáidtear fuíolluisce athchúrsáilte, go gcomhlíonann cáilíocht an uisce na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78] agus nuair a úsáidtear uisce ó fhoinsí eile, nach ndéantar sláinte ithreach a dhíghrádú leo;

(g) cosaint ithreach a áirithiú trí ghnéithe leordhóthanacha tírdhreacha a chruthú agus a chothabháil ar leibhéal an tírdhreacha;[79]

(h) speicis atá oiriúnaithe don láithreán a úsáid agus barra, plandaí nó crainn á shaothrú nuair is féidir leis sin díghrádú ithreach a chosc nó cur le sláinte ithreach a fheabhsú, agus oiriúnú don athrú aeráide á chur san áireamh freisin;

(i) leibhéil bharrfheabhsaithe uisce in ithreacha orgánacha a áirithiú [...] **chun tionchar diúltach ar** struchtúr agus ar chomhdhéanamh na n-ithreacha sin a sheachaint [...] ;[80]

(j) i gcás an tsaothraithe barr, uainíocht na mbarr agus éagsúlacht na mbarr a áirithiú, agus finte éagsúla barr, fréamhchórais, riachtanais uisce agus cothaitheacha, agus bainistíocht chomhtháite ar lotnaidí á gcur san áireamh;

---

**78** Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).

**79** Níl feidhm ag an bprionsabal seo maidir le hithreacha foraoise

**80** Níl feidhm ag an bprionsabal seo maidir le hithreacha uirbeacha

(k) gluaiseacht beostoic agus tréimhse innilte a oiriúnú, agus cineálacha ainmhithe agus dlús stocála á gcur san áireamh, ionas nach gcuirtear sláinte ithreach i mbaol agus nach laghdaítear acmhainn na hithreach foráiste a sholáthar;

(l) i gcás ina n-aithnítear go gcailltear feidhm amháin nó roinnt feidhmeanna [...] lena laghdaítear go substaintiúil acmhainn na n-ithreacha chun éicisheirbhísí a sholáthar, bearta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun na feidhmeanna ithreach sin a [...] **athbhunú**.

## IARSCRÍBHINN IV

## CLÁIR, PLEANANNA, SPRIOCANNA AGUS BEARTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 10

(1) Na pleananna athchóirithe náisiúnta arna n-ullmhú i gcomhréir le Rialachán …/…[81]+.

(2) Na pleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115.

(3) An Cód Dea-Chleachtais Talmhaíochta agus na cláir ghníomhaíochta maidir le criosanna leochaileacha ainmnithe arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 91/676/CEE.

(4) Na bearta caomhnaithe agus an creat gníomhaíochta tosaíochta arna bhunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE.

(5) Áirítear ar na bearta chun dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach dobharlach uisce dromchla a bhaint amach agus dea-stádas ceimiceach agus cainníochtúil dobharlach screamhuisce a bhaint amach i bpleananna bainistíochta abhantraí arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE.

(6) Na bearta um bainistíocht riosca tuile atá san áireamh sna pleananna bainistithe riosca i gcás tuilte arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 2007/60/CE.

(7) Na pleananna um bainistíocht triomaigh dá dtagraítear i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide.

(8) Na cláir ghníomhaíochta náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac.

(9) Na spriocanna a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2018/841.

(10) Na spriocanna a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2018/842.

(11) Na cláir náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir arna n-ullmhú faoi Threoir (AE) 2016/2284 agus na sonraí faireacháin faoi thionchair truaillithe aeir ar éiceachórais arna dtuairisciú faoin Treoir sin.

(12) **Na** plean**anna** náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999.

(13) Na measúnuithe riosca agus pleanáil bainistithe riosca tubaiste arna mbunú i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

---

[81] + Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathbhunú andúlra atá in COM (2022) 304

(14) Na pleananna gníomhaíochta náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán …/…[82]+.

**(15) Na pleananna gníomhaíochta náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2009/128/CE.**

**(16) Na bearta maolaithe agus laghdaithe riosca a luaitear sna measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a rinneadh de réir Threoir 2011/92/AE le haghaidh na bpleananna agus na dtionscadal a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an ithir.**

---

[82] + Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 atá i ndoiciméad COM(2022)305

# IARSCRÍBHINN V

## LIOSA TÁSCACH DE BHEARTA LAGHDAITHE RIOSCA

(1) Teicnící feabhsúcháin le haghaidh feabhsúchán *in situ* nó *ex situ*:

a) Teicnící feabhsúcháin fisiceacha:

a. Eastóscadh gaile, spreachallú aeir;

b. Cóireáil teasa, instealladh gaile, dí-asú teirmeach, gloiniúchán;

c. Níochán agus sruthlú ithreach;

d. [...]

e. Baint sraithe leachtaí;

f. [...]

b) Teicnící feabhsaithe bhitheolaíoch:

a. Díghrádú aeróbach nó anaeróbach a spreagadh: bithfheabhsú, bithspreagadh, bithmhéadúchán, bithscaoileadh, bithspreachallú;

b. Fíti-eastóscadh, fítea-ghalú, fíti-dhíghrádú;

c. Múiríniú, leasuithe ithreach, feirmeoireacht talún, agus córais bhith-imoibreora;

d. Bithscagadh, bogaigh cóireála bitheolaíche, agus bithcheapacha;

e. Maolúchán nádúrtha **a ndéantar faireachán air**.

c) Teicnící feabhsúcháin ceimiceacha:

a. Ocsaídiú ceimiceach;

b. Imoibrithe laghdaithe ceimiceán agus laghdaithe ocsaídithe (imoibriú ocsdí);

c. Screamhuisce a chaidéalú agus a chóireáil.

d) Teicnící feabhsúcháin **chun aistriú éilleán a laghdú** [...] **(trí** leithlisiú, srianadh agus faireachán**)**:

  a. Barrchaidhpeáil, bacainní imoibríocha, imchochlú;
  b. Cobhsú ceimiceach, soladú agus díluailiú;
  c. Aonrú agus srianadh geo-hidreolaíoch;
  d. Fítea-chobhsú;
  e. Rialú agus iarchúram trí thoibreacha faireacháin.

(2) Bearta laghdaithe riosca seachas bearta feabhsúcháin **chun nochtadh a laghdú**:

a) Srian ar shaothrú agus ar thomhaltas barr agus glasraí;
b) Srian ar thomhaltas uibheacha;
c) Srian ar dhul isteach ag peataí nó ar riar;
d) Srian ar eastóscadh nó úsáid screamhuisce chun críocha óil, sláinteachais phearsanta nó tionscail;
e) Srian ar scartáil, dí-shéalú nó tógáil ar an láithreán **(e.g. bearta tógála le haghaidh aerála, tancála, etc.)**;
f) Srian le rochtain ar an láithreán nó ina chomharsanacht (e.g. trí fhálú);
g) Srian ar úsáid talún nó athruithe ar úsáid talún;
h) Srian ar rómhar, druileáil nó tochailt;
i) Srian chun teagmháil le hithir, deannach nó aer laistigh a sheachaint agus réamhchúraimí a chur i bhfeidhm chun sláinte an duine a chosaint (e.g. análaitheoirí, lámhainní, fliuchghlanadh, etc.).

(3) Na teicnící is fearr dá bhfuil ar fáil dá dtagraítear i dTreoir 2010/75/AE.

(4) Bearta arna nglacadh ag údaráis inniúla agus oibreoirí tionsclaíocha tar éis mórthionóisce, i gcomhréir le Treoir 2012/18/AE.

## IARSCRÍBHINN VI

## CÉIMEANNA AGUS [...] PRIONSABAIL THÁSCACHA LE hAGHAIDH MEASÚNÚ RIOSCA LÁITHREÁN-SONRACH

1. Chun an t-éilliú a shaintréithriú ní mór **cineál na** n-éilleán **(e.g. trom-mhiotail, éilleáin orgánacha, etc.)** atá ar an láithreán a shainaithint agus a bhfoinse, a dtiúchan, a bhfoirm cheimiceach agus a ndáileadh san ithir**, sa mháthairábhar** agus sa screamhuisce a chinneadh. Cinntear láithreacht agus tiúchan éilleán **sna meáin éagsúla** trí [...] shampláil agus imscrúdú **ar an láthair agus lasmuigh den láthair, má tá amhras ann gur aistríodh éilleáin**. **Déantar éilleáin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú a shampláil sna meáin ábhartha ar bhonn chomhthéacs an chomhshaoil agus airíonna fisiceimiceacha na n-éilleán a mbíonn tionchar acu ar a n-iompar sa chomhshaol. Ba cheart tiúchain an chúlra nádúrtha agus tiúchain antrapaigineacha a chur san áireamh.**

2. Le measúnú nochta **ceanglaítear go** sainaithn**ófaí** an chonair trína bhféadfaidh éilleáin san ithir gabhdóirí a bhaint amach. D'fhéadfadh ionanálú, ionghabháil, tadhall le craiceann, ionsú plandaí, aistriú chuig screamhuisce nó eile a bheith i gceist le conairí nochta. **Cuirtear** [...] **tiúchain na n-éilleán sna meáin nochta** le **paraiméadair nochta (e.g.** minicíocht agus fad an nochta**, ráta iontógála ithreach, etc.)** agus saintréithe gabhdóirí, mar shampla, aois, inscne agus stádas sláinte chun an [...] **dáileog nochta laethúil** a mheas. Déantar achoimre ar na nascálacha idir an chonair fhoinseach agus na gabhdóirí i léiriú grafach, scéimreach agus simplithe: samhail an láithreáin choincheapúil. **Is féidir nochtadh a mheasúnú trí anailís dhíreach ag an bpointe nochta nó trí aistriú éilleáin chuig an meán nochta a shamhaltú.**

3. Is éard atá i gceist le measúnú tocsaineachta nó guaise ná meastóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí **díobhálacha** a d'fhéadfadh a bheith ag na héilleáin ar shláinte **an duine** agus ar an gcomhshaol, bunaithe ar dháileog agus ar fhad an nochta. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú tocsaineachta nó guaise tocsaineacht bhunúsach na n-éilleán agus soghabháltacht **gabhdóirí nochta** difriúla **(daoine agus éiceachórais** [...]**)**. Úsáidtear an fhaisnéis thocsaineolaíoch chun dáileoga tagartha nó tiúchain a mheas, rud a úsáidtear le haghaidh saintréithriú riosca.

4. Éilítear le saintréithriú riosca an fhaisnéis ó na céimeanna roimhe seo a chomhtháthú chun meastachán a dhéanamh ar mhéid agus ar dhóchúlacht éifeachtaí díobhálacha an láithreáin éillithe ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, lena n-áirítear éifeachtaí díobhálacha ó aistriú an éillithe go meáin chomhshaoil eile. Cuidíonn saintréithriú riosca le **measúnú a dhéanamh agus** tosaíocht a thabhairt don ghá le bearta laghdaithe riosca agus bearta feabhsúcháin**, agus lena n-áirithiú go bhfuil riocht na hithreach comhoiriúnach leis an úsáid talún atá ann faoi láthair agus atá beartaithe**. Féadfaidh sé cuidiú freisin le cuspóirí feabhsúcháin nó bainistíochta a shainiú maidir le láithreán, e.g. uasteorainneacha is inghlactha nó luachanna scagthástála riosca-bhunaithe atá bainteach go sonrach le láithreán a bhaint amach. **Tá líon mór hipitéisí agus neamhchinnteachtaí i gceist le measúnú riosca. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, meastóireacht a dhéanamh ar na héiginnteachtaí sin chun tuiscint iomlán a fháil ar thábhacht na dtorthaí a fhaightear agus chun cinntí eolasacha a dhéanamh.**

**Ba cheart an measúnú ar riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol a bheith comhréireach le castacht an láithreáin éillithe.**

# IARSCRÍBHINN VII

## ÁBHAR AN CHLÁIR DE LÁITHREÁIN A D'FHÉADFADH A BHEITH ÉILLITHE AGUS DE LÁITHREÁIN ÉILLITHE

Cuirfidh dearadh agus cur i láthair na sonraí sa chlár ar chumas an phobail dul chun cinn i mbainistíocht láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe a rianú. Áireofar sa chlár an fhaisnéis seo a leanas ar leibhéal an láithreáin maidir leis na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe, na láithreáin éillithe, na láithreáin éillithe a dteastaíonn tuilleadh gníomhaíochta ina leith, agus na láithreáin éillithe ina ndearnadh nó ina bhfuiltear ag déanamh gníomhaíochta, agus cuirfear an fhaisnéis sin i láthair ann:

(a) comhordanáidí, seoladh nó dáileacht(aí) chlár talún an láithreáin i gcomhréir le Treoracha (AE) 2019/1024 agus 2007/2/CE;

(b) an bhliain inar cuireadh an láithreán ar an gclár;

(c) gníomhaíochtaí éillithe nó gníomhaíochtaí [...] a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú, ar gníomhaíochtaí iad a rinneadh nó atá á ndéanamh ar an láithreán;

(d) stádas bainistíochta an láithreáin;

(e) conclúid maidir le láithreacht nó neamhláithreacht, [...] cineál agus riosca an éillithe (nó éilliú iarmharach tar éis feabhsúcháin) i gcás ina bhfuil faisnéis faoi na heilimintí sin ar fáil cheana féin ó na himscrúduithe ithreach agus ón measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15;

(f) Na chéad ghníomhaíochtaí eile agus na chéad chéimeanna bainistíochta eile **is gá** [...] dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15[...].

D'fhéadfadh an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa chlár freisin ar leibhéal an láithreáin maidir leis na láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe, láithreáin éillithe, láithreáin éillithe a dteastaíonn tuilleadh gníomhaíochta ina leith, agus láithreáin éillithe a rinneadh gníomhaíochtaí orthu nó a bhfuil gníomhaíochtaí á ndéanamh orthu, i gcás ina bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin:

(a) faisnéis maidir le ceadanna comhshaoil a eisíodh don láithreán, lena n-áirítear tús agus deireadh bliana na gníomhaíochta;

(b) úsáid talún atá ann faoi láthair agus úsáid talún atá beartaithe;

(c) torthaí ó thuarascálacha imscrúdaithe agus feabhsúcháin ithreach ar nós thiúchan agus luí an éillithe, samhail an láithreáin choincheapúil, an mhodheolaíocht measúnaithe riosca, teicnící a úsáideadh nó a bheartaítear, éifeachtúlacht agus meastacháin chostais na mbeart laghdaithe riosca**;**

**(d) amlíne na gcéad ghníomhaíochtaí eile agus na gcéad chéimeanna bainistíochta eile**.